# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

## Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná eisiach.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad; sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- **Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.**
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. Is féidir, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a bhronnadh.

*INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Pointí le tabhairt faoi deara** | **2** |
| | **Roinn A** | **3 - 7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Margaí agus Praghas uasta ar chóiríocht phríobháideach ar cíos** | **8 - 11** |
| **2** | **Monaplacht, Idirdhealú Praghsanna & Uisce Éireann** | **12 - 15** |
| **3** | **Téarmaí / Costais / Barainneachtaí & Díbharainneachtaí Scála** | **16 - 18** |
| **4** | **Fiontraíocht & Brabús / Infheistíocht in iarnróid na hÉireann / JM Keynes** | **19 - 21** |
| **5** | **Baincéireacht / Margadh Réadmhaoine na hÉireann / Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus rochtain ar mhaoiniú** | **22 - 24** |
| **6** | **Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT) agus díbhoilsciú / Dífhostaíocht agus Fostaíocht** | **25 - 28** |
| **7** | **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim agus Fás Geilleagrach** | **29 - 32** |
| **8** | **Easnaimh ar Bhuiséid / Forbairt Réigiúnach / Eisimirce** | **32 - 36** |

# ROINN A (100 marc)

**1.** Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil 'rogha' bunúsach i staidéar na heacnamaíochta.

In Eacnamaíocht bíonn acmhainní **teoranta / finideach / gann** agus bíonn úsáidí eile acu **cé nach bhfuil teorainn ar bith le teastálacha nó tá siad infinideach**. Mar gheall air sin **ní mór roghanna a dhéanamh** agus baineann deischostas leis na roghanna sin.

**3 phointe eolais: 8 + 4 + 4 m(h)arc**

**2.** **(a)** Mínigh coincheap an Phrionsabail Chomhimeallaigh d' Iompraíocht Tomhaltóirí.

Caitheann tomhaltóirí a gcuid ioncaim ionas go mbeidh cóimheas na háirgiúlachta imeallaigh leis an bpraghas mar an gcéanna maidir leis na hearraí /seirbhísí go léir a cheannaíonn siad d'fhonn áirgiúlacht uasta nó sástacht a bheith acu.

**6 m(h)arc**

**(b)** Ceannaíonn tomhaltóir 5 bhuidéal uisce ar €2.50 an ceann agus ocht mbéigeal ar €3 an ceann agus an margadh i gcothromaíocht. Is é áirgiúlacht imeallach an chúigiú buidéal uisce ná 5 util. Ríomh áirgiúlacht imeallach an ochtú béigeal. **(Taispeáin do chuid oibre.)**

$$\frac{MU_W}{P_W} = \frac{MU_B}{P_B} \qquad \frac{5}{€2.50} = \frac{x}{€3}$$

x = **6 util** (áirgiúlacht imeallach an 8ú béigeal)

**7 marc + Freagra ceart 3 mharc**

**3.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar an bpríomhfhreagracht atá ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).

Is é a phríomhfheidhm ná **iasachtaí a fháil le haghaidh an státchiste** agus **bainistiú fiachais d'fhonn** leachtacht a chinntiú don státchiste agus an t-ualach úis a íoslaghdú go meántéarmach.

**8 marc**

*"Díolann an NTMA bannaí ar fiú €4bn iad ar thoradh íseal (0.867%) sa bhliain 2015."*

*(Tuairisc: The Irish Times, Eanáir 2015)*

**(b)** An rud maith nó an drochrud do Rialtas na hÉireann é bannaí a dhíol ar thoradh íseal? Mínigh do fhreagra.

**Freagra:** Is rud maith é do Rialtas na hÉireann. **2 mharc**

**Míniúchán ceart amháin:**
Ciallaíonn sé go laghdaítear an costas atá ar an rialtas maidir le hairgead a bhailiú / airgead a fháil ar iasacht
Ciallaíonn sé go mbeidh muinín ag ceannaitheoirí bannaí as geilleagar na hÉireann agus go mbeidh siad sásta bannaí Éireannacha a cheannach.
Ciallaíonn sé go mbeidh an t-easnamh níos lú / go mbeidh sé níos saoire seirbhísí an rialtais a mhaoiniú.

**Míniúchán: 6 mharc**

**4.** *Is eochairghné de Mhargadh Olagaplach é cóimheas ard comhchruinnithe.*

**(a)** Mínigh an ráiteas seo agus luaigh sampla **amháin**.

**Míniúchán:**

Tá cóimheas ard comhchruinnithe i dtionscal má tháirgeann **líon beag gnólachtaí cuid mhór d'aischur iomlán an tionscail** / má tá **líon beag gnólachtaí i gceannas a bheag nó a mhór ar chuid mhór d'aischur iomlán an tionscail**.

**6 mharc**

**Sampla:**

Trádáil grósaeirí in Éirinn / Baincéireacht / Tionscal na bhfón póca / Soláthróirí fuinnimh tí.

**Sampla: 2 mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a ngníomhaíonn olagaplaithe sa mhargadh:

**Gníomhaíonn gnólachtaí ar bhealach a n-imríonn tionchar ar a gcuid iomaitheoirí sa tionscal.** Tá gnólachtaí idirspleách. Beidh gach cinneadh a dhéanfaidh gnólacht bunaithe ar an bhfreagra is dóigh a thabharfaidh a chuid iomaitheoirí ar an gcinneadh sin.

**Is féidir le gnólachtaí dul in iomaíocht trí iomaíocht neamhphraghais.** Aon ghníomh a dhéanfaidh gnólachtaí, seachas praghas a ísliú, d'fhonn díolacháin a mhéadú (díriú ar cháilíocht, seirbhís iardhíola, difreáil táirgí).

**Féadfaidh gnólachtaí dul i mbun cleachtas claonpháirteach.** Tagann gnólachtaí sa tionscal le chéile ar mhaithe le gach duine sa tionscal sin. Gníomhaíonn dhá ghnólacht nó níos mó le chéile chun praghsanna, aschur nó coinníollacha eile díolacháin a shocrú. Is féidir le claonpháirteachas a bheith follasach nó intuigthe (neamhinste).

**2 shlí ar 4 mharc an ceann**

**5.** *"Is féidir le cánacha indíreacha a bheith aischéimnitheach ach tá buntáistí acu do rialtais freisin."*

**(a)** Mínigh cad a chiallaíonn *cáin aischéimnitheach*.

Tógfaidh an cháin céatadán níos airde dá n-ioncam ó cháiníocóirí ar ioncam íseal ná mar a thógfaidh ó cháiníocóirí ar ioncam ard / Titeann cion an chánachais de réir mar a mhéadaíonn ioncam.

**Míniúchán: 8 mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá ag **cánachas indíreach** do rialtais:

**Costas bailiúcháin íseal / áisiúil a bhailiú:** toisc gurb iad na miondíoltóirí bhailíonn na cánacha.
**Deacair a sheachaint** toisc go bhfuil na cánacha seo san áireamh i bpraghas an earra nó na seirbhíse.
**Gan an oiread saofa ag baint leis:** Ní dhéanann CBL obair a dhíspreagadh mar a dhéanann méaduithe ar cháin ioncaim.
D'fhéadfadh **tóir níos mó a bheith air ar bhonn polaitiúil** ná mar a bheadh ar cháin ioncaim: d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca ag an rialtas ioncam cánach a ardú trí cháin indíreach seachas trí cháin ioncaim toisc go bhfuil na cánacha sin áirithe i bpraghas an earra nó na seirbhíse.
**Is féidir leis an Rialtas patrúin tomhaltais a athrú** (costais phríobháideacha agus shóisialta a ailíniú) e.g. tomhaltas táirgí díobhálacha a laghdú.

**2 bhuntáiste ar 4 mharc an ceann**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phríomhsmaoineamh a chuir na h*Eacnamaithe Clasaiceacha* le smaointeoireacht na heacnamaíochta:

**Éifeachtúlacht saormhargaí**
Chreid na hEacnamaithe Clasaiceacha go dtairgeann an margadh an bealach is éifeachtúla le hacmhainní a leithdháileadh. Is é an margadh an saineolaí. Thacaigh siad le hobair an tsaormhargaidh lena chinntiú go mbeadh cothromaíocht ann. Dá mbeadh ró-éileamh ann, d'ardódh na praghsanna, rud a chuirfeadh deireadh le ró-éileamh agus dá mbeadh rósholáthar ann, thitfeadh na praghsanna rud a chuirfeadh deireadh le rósholáthar agus a chinnteodh go mbeadh cothromaíocht ann.

**Meicníocht fhéinchoigeartaithe**
Chreid na hEacnamaithe Clasaiceacha dá dtarlódh suaitheadh sa gheilleagar go gcuirfeadh sé é féin ar ais ina cheart arís agus go gcuirfí an t-aschur ar ais san fhadtéarma, rud a chinnteodh leibhéal iomlán fostaíochta.

**Laissez faire**
B'fhearr leo a laghad idirghabhála ón rialtas i gcúrsaí eacnamaíochta agus ab fhéidir (cé is moite de chosaint agus slándáil).

**Saoirse don duine aonair**
Bhí na hEacnamaithe Clasaiceacha i bhfabhar uasmhéid saoirse don duine aonair / tarlaíonn saibhreas náisiúin toisc go mbíonn saoránaigh de shíor i mbun iarrachtaí ar mhaithe leo féin.

**Saorthrádáil**
I gcoinne beartais chosantacha i dtrádáil idirnáisiúnta / níor cheart go mbeadh feidhm le taraifí ná le srianta eile ar thrádáil.

**9 marc (4 + 5) + 8 marc (4 + 4).**

**7.** Léigh gach ráiteas thíos agus cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach é an ráiteas. [Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.]

| RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| Más é +2.5 ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar earra, is só earra é. | ✓ | |
| Má tá tras-phraghasleaisteachas an éilimh (CED) diúltach, is féidir a rá gur earraí comhlántacha iad. | ✓ | |
| Nuair a bhíonn an t-éileamh praghasleaisteach, titfidh an t-ioncam iomlán má laghdaítear an praghas. | | ✓ |
| Nuair a bhíonn mórán earraí gar-ionaid ar fáil, ba chóir go mbeadh éileamh an-leaisteach ar aon earra acu. | ✓ | |

**An 1ú freagra ceart: 5 mharc**
**4 + 4 + 4**

**8. (a)** *"Tá an Euro (€) ar an leibhéal is ísle in aghaidh $ Mheiriceá le ceithre bliana go leith anuas."*
*(Tuairisc: The Irish Independent, Eanáir 2015)*

Mínigh cad a chiallaíonn an ráiteas thuas.

Tá praghas an euro i gcomparáid leis an $ tite le ceithre bliana go leith anuas / níl an € in ann an oiread céanna dollar a cheannach is a bhí ceithre bliana go leith ó shin.

**7 marc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal sin do gheilleagar na hÉireann:

**Iarmhairtí eacnamaíochta dearfacha a d'fhéadfadh tarlú:**

Easpórtálacha na hÉireann chuig SAM níos saoire go bunúsach / níl siad chomh daor céanna / níos iomaíche / is mó seans atá ann go mbeidh táirgeoirí Éireannacha in ann tuilleadh a easpórtáil chuig SAM ná mar a bhí roimhe seo / ioncam turasóireachta níos mó d'Éirinn mar gheall air go bhfuil fonn ar thuilleadh daoine as Meiriceá cuairt a thabhairt orainn anseo.
Fostaíocht mhéadaithe mar gheall ar mhéadú ar an éileamh ar easpórtálacha Éireannacha i SAM / fás geilleagrach mar gheall ar chaiteachas i ngeilleagar na hÉireann de bharr poist a bheith cruthaithe.
D'fhéadfaí infheistíocht dhíreach choigríche a spreagadh toisc go bhfuil sé níos saoire oibríochtaí infheistíocht dhíreach choigríche a chur ar bun, más cuideachtaí ilnáisiúnta as SAM iad na cuideachtaí.

**Iarmhairtí eacnamaíochta diúltacha a d'fhéadfadh tarlú:**

Bheadh iompórtálacha na hÉireann as SAM níos daoire / Costais táirgeachta do tháirgeoirí Éireannacha a bheadh ag iompórtáil as SAM méadaithe.
Brabús laghdaithe do tháirgeoirí Éireannach a dteastaíonn iompórtálacha ó SAM uathu mura féidir leo na costais mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí.
Toisc gur amhábhar formhór d'iompórtálacha na hÉireann a bhfuil éileamh neamhleaisteach ann ina leith, ardóidh an bille iompórtála e.g. ola.

**2 iarmhairt ar 5 mharc an ceann**

**9.** *"Ó 1990 i leith, is in Éirinn a tháinig an méadú is mó ar ionchas saoil daoine atá 65 bliain d'aois i mballstáit uile an AE."* (Tuarascáil ECFE: *Sracfhéachaint ar chúrsaí Sláinte: An Eoraip 2014*)

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal seo do gheilleagar na hÉireann agus ar bheart polasaí **amháin** a d'fhéadfadh an Rialtas a mheá mar fhreagairt.

**Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht eacnamaíochta féideartha:**

**A bheith ina chúis le cóimheas spleáchais níos airde** / rátaí rannpháirtíochta níos ísle sa mhargadh saothair.
**Éilimh níos mó ar sheirbhísí an rialtais** e.g. sláinte agus cúram fadtéarmach.
**Buiséad méadaithe** nó athrú ar thosaíochtaí buiséid le haghaidh cúram sláinte.
**Athrú ar an bpatrún éilimh** ar earraí agus seirbhísí do dhaonra atá ag dul in aois.
**Brú méadaithe ar phinsin** / a lán daoine gan a bheith ag déanamh a ndóthain soláthair i gcomhair seanaoise.
D'fhéadfadh **ualach cánach níos mó** a bheith orthu sin atá fós ag obair.
**Rogha athraithe:** síneadh ar an saol oibre (féadfaidh daoine roghnú oibriú níos faide – tionchar diúltach ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach / dífhostaíocht níos mó i measc na n-óg)

**2 impleacht ar 6 mharc an ceann**

**Polasaí Rialtais:**
**Síneadh ar an aois scoir** chun líon na ndaoine atá i dteideal pinsean stáit a laghdú.
**Féachaint leis an daonra oibre a leathnú** trí dhaoine a spreagadh le fanacht ag obair thar an aois scoir.
**Leasú chóras na bpinsean:** tástáil acmhainne ar phinsin / an córas cánachais a úsáid chun daoine a spreagadh le pinsin a thógáil amach (creidmheasanna cánach chun an t-ualach a bhaint den stát).
**Plean sláinte agus seirbhísí sóisialta** chun freastal ar na héilimh ar sheirbhísí / leapacha breise le haghaidh bardaí geiriaitrice
**Oideachas ar an daonra níos óige:** i réimse an airgeadais phearsanta ionas go mbeidh pleananna acu nuair a rachaidh siad ar scor

**Beart polasaí amháin: 5 mharc**


## C1 Margaí agus Praghas uasta ar chóiríocht phríobháideach ar cíos

**(a)** Taispeánann an tábla thíos sonraí an mhargaidh do Theilifíseáin Ardghléine 4G (Teilifíseáin).

| **Praghas (€)** | **An Chainníocht á Éilítear ('000 aonad)** | **An Chainníocht a Sholáthraítear ('000 aonad)** |
|---|---|---|
| 1,000 | 20 | 120 |
| 800 | 30 | 80 |
| 600 | 50 | 50 |
| 400 | 80 | 30 |
| 200 | 120 | 20 |

(i) Bain úsáid as an sonraí thuas agus tarraing léaráid a léireoidh cuar éileamh an mhargaidh agus cuar sholáthar an mhargaidh do Theilifíseáin 4G. Taispeáin an praghas agus an chainníocht de Theilifíseáin 4G ar a mbíonn an margadh seo i gcothromaíocht.

(ii) Sainmhínigh an coincheap *cothromaíocht an mhargaidh*. Agus tú ag tagairt don mhargadh thuas, mínigh conas a bhaintear cothromaíocht amach.. (30)




- D/C: 5 phointe × 1 mharc an ceann + Lipéad ceart × 1 mharc. (6)
- S/C: 5 phointe × 1 mharc an ceann + Lipéad ceart × 1 mharc. (6)
- Aiseanna Praghais & Cainníochta: 2 × 1 mharc an ceann. (2)
- Praghas cothromaíochta + Cainníocht chothromaíochta: 2 × 1 mharc an ceann. (2)

**16 mharc**

(ii) Sainmhínigh an coincheap *cothromaíocht an mhargaidh*. Agus tú ag tagairt don mhargadh thuas, mínigh conas a bhaintear cothromaíocht amach.

**Sainmhíniú:**

Tagann cothromaíocht chun cinn sa mhargadh nuair is ionann an chainníocht éilithe agus an chainníocht atá soláthraithe / tarlaíonn cothromaíocht nuair atá an praghas ar dhóigh a fhágfaidh go mbeidh an méid is mian le tomhaltóirí a cheannach cothromaithe go díreach beacht ag an líon is mian le gnólachtaí a sholáthar. Ní hiondúil le praghas athrú.

**10 marc (6 + 4 )**

**Mínigh conas a bhaintear cothromaíocht amach:**

Má tá an praghas ar an margadh faoi bhun an phraghais chothromaíochta €600; tarlóidh **ró-éileamh**.
Tiocfaidh ardú ar phraghas na dteilifíseán mar gheall ar an ró-éileamh. De réir a chéile, de réir mar a thosaíonn an praghas ag ardú, laghdóidh an t-éileamh agus méadóidh an soláthar. Leanfaidh an praghas ag dul i méid go gcuirtear cothromaíocht ar ais ag an bpraghas cothromaíochta €600 agus go gceannaítear 50,000 Teilifíseán.

*NÓ*

Má tá an praghas ar an margadh os cionn an phraghais chothromaíochta €600; tarlóidh **rósholáthar** mar ní bheidh na ceannaitheoirí sásta an praghas ard a íoc. Beidh brú anuas ar phraghsanna ansin. Beidh an méid a sholáthrófar níos mó ná an méid éilithe agus ísleoidh gnólachtaí a gcuid praghsanna chun an farasbarr teilifíseán a dhíol. Laghdóidh gnólachtaí leibhéil a gcuid stoic tríd an bpraghas a laghdú. Spreagfaidh na praghsanna ísle méadú ar éileamh. Leanfaidh an praghas ag titim go gcuirtear cothromaíocht ar ais ag an bpraghas cothromaíochta €600 agus go gceannaítear 50,000 Teilifíseán.

**4 mharc**


**(b)** Tá margadh na cruithneachta i gcothromaíocht. Mínigh, le cabhair léaráide **ar leith** i n**gach** cás, na slite is dóichí a rachadh na staideanna margaidh seo a leanas i bhfeidhm ar staid chothromaíochta na cruithneachta:

(i) Aimsir fhíorfhliuch

(ii) Tá céatadán méadaitheach den daonra ag fulaingt le hailléirgí cruithneachta agus le héadulaingt ar chruithneacht

(iii) Laghdú ar phraghas na hola. (30)


(i) Aimsir fhíorfhliuch




- Bogann an S/C ar chlé ($S_2$)
- Beidh barr na cruithneachta níos lú ann de bharr an aimsir a bheith fliuch (soláthar níos lú cruithneachta ar an margadh)
- Ganntanas ar an gcruithneacht ar leibhéil an phraghas atá ann faoi láthair (ceteris paribus)
- Ardú praghais agus dá bharr sin, bíonn titim san éileamh
- Praghas cothromaíochta nua **níos airde** $P_E^2$
- Cainníocht chothromaíochta nua **níos ísle** $Q_E^2$

**Léaráid: D / $S_1$ / $S_2$ / Léiriú ar Phraghas Níos Airde agus ar chainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann = 5 mharc.**
**Míniúchán: Bogadh S/C / P Níos Airde / Q Níos Ísle: 1 mharc an ceann agus an chúis le bogadh S/C: 2 mharc**


(ii) Tá céatadán méadaitheach den daonra ag fulaingt le hailléirgí cruithneachta agus le héadulaingt ar chruithneacht




- Bogann D/C ar chlé ($D_2$)
- Tiocfaidh meath ar thosaíocht na dtáirgí cruithneachta i measc na dtomhaltóirí mar gheall ar ailléirgí agus éadulaingt
- A fhad is nach n-athraíonn an phraghas (ceteris paribus) tiocfaidh staid rósholáthair chun cinn
- Chun go laghdófar na stoic cruithneachta titfidh praghas na cruithneachta
- Praghas cothromaíochta nua **níos ísle** $P_E^2$
- Cainníocht chothromaíochta nua **níos isle** $Q_E^2$

**Léaráid: S / $D_1$ / $D_2$ / Léiriú ar phraghas níos ísle agus ar chainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann = 5 mharc.**
**Míniúchán: Bogadh ar D/C / P Níos Ísle / Q Níos Ísle: 1 mharc an ceann agus an chúis le bogadh D/C: 2 mharc**

(iii) Laghdú ar phraghas na hola




- Bogann S/C ar dheis ($S_2$)
- Titfidh costais táirgeachta feirmeoirí a bheidh ag fás cruithneachta agus beidh siad sásta an soláthar a mhéadú
- Má bhíonn soláthar níos mó cruithneachta ar an margadh tiocfaidh staid rósholáthair chun cinn mura n-athraíonn an praghas
- Praghas cothromaíochta nua **níos ísle $P_E^2$**
- Cainníocht chothromaíochta nua **níos airde $Q_E^2$**

**Léaráid: D / $S_1$ / $S_2$ / Léiriú ar Phraghas níos ísle agus ar chainníocht níos airde: 1 mharc an ceann = 5 mharc.**
**Míniúchán: Bogadh S/C / P Níos Ísle / Q Níos Airde: 1 mharc an ceann agus an chúis le bogadh S/C: 2 mharc**

**(c)** *I ndiaidh na méaduithe géara a tháinig le deireanas ar phraghas na cóiríochta príobháidí atá ar cíos, iarradh ar Rialtas na hÉireann rialúcháin ar phraghsanna/chíos (cíos uasta) a thabhairt isteach.*

Cuir comhairle ar an Aire Comhshaoil faoi na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh leanúint as idirghabháil an Rialtais sa mhargadh trí phraghas uasta a leagan síos do chóiríocht phríobháideach atá ar cíos.

(15)

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:

**Ganntanas cóiríochta**
Má bhíonn an praghas/cíos uasta faoin bpraghas cothromaíochta don mhargadh, beidh tuilleadh daoine ar lorg cóiríochta (**ró-éileamh**) agus ganntanas cóiríochta ar fáil ar cíos dá réir sin.

Beidh tionchar ag an rialú cíosa freisin **ar thaobh an tsoláthair** den mhargadh. B'fhéidir go mbeadh roinnt tiarnaí talún ann nach mbeadh toilteanach níos mó réadmhaoin a chur ar fáil ag an bpraghas is ísle mar go measfaidh siad nach bhfuil sé brabúsach a thuilleadh cóiríocht a chur ar fáil ar cíos. D'fhéadfadh ganntanas cóiríochta a bheith ann dá thoradh sin.

**Cíosanna níos ísle**
Bíonn deis ag roinnt ceannaitheoirí réadmhaoin a cheannach ar phraghas níos ísle, agus a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú dá thoradh sin, bíonn ceannaitheoirí eile ann nach mbíonn ábalta cóiríocht ar bith a fháil.

**Leithroinnt trí mhodhanna eile**
Toisc nach féidir freastal orthu siúd go léir ar mian leo áit a fháil ar cíos, ní mór do na soláthróirí socrú cé na tomhaltóirí a rachaidh siad i mbun gnó leo. Féadfaidh tiarnaí talún leithroinnt a dhéanamh de réir roghanna nó claontacht díoltóirí, e.g. féadfaidh siad gan áit a ligean ar cíos le daoine ar liúntas cíosa. D'fhéadfadh rialú cíosa crannchur a dhéanamh den mhargadh. D'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar thús freastail ar an gceann is túisce.

**Soghluaisteacht laghdaithe**
Beidh drogall ar dhaoine a bhfuil réadmhaoin a bhfuil rialú cíosa air bogadh toisc go gcaithfidh siad dul sa tóir ar chóiríocht nua i ndálaí ina bhfuil ganntanas tromchúiseach.
Beidh drogall ar roinnt daoine bogadh amach as tithe a dtuismitheoirí chomh tapa is a dhéanfaidís murach sin.

**Caighdeán na cóiríochta**
D'fhéadfadh infheisteoirí réadmhaoine gearradh siar ar chaighdeán d'fhonn costais a laghdú. D'fhéadfadh caighdeán na cóiríochta ar cíos titim dá bhrí sin.

**An Margadh Dubh**
D'fhéadfadh fás teacht ar an margadh dubh mídhleathach le haghaidh cóiríochta ar cíos. D'fhéadfadh tiarnaí talún éarlaisí móra a iarraidh ar thionóntaí nua. D'fhéadfadh tiarnaí talún tionóntaí a dhíshealbhú d'fhonn éarlaisí níos mó a fháil ó áitritheoirí nua.

**Íslítear an soláthar tithíochta atá ar fáil / Tionchar ar an soláthar sa todhchaí**
D'fhéadfadh roinnt tiarnaí talún cinneadh ar scor den tionscal toisc nach bhfuil aon bhrabús le fáil as réadmhaoin a ligean ar cíos. D'fhéadfadh daoine eile socrú gan cóiríocht nua ar cíos a thógáil toisc nach bhfaighidís a ndóthain brabúis ar ais.

**3 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

## C2 Monaplacht, Idirdhealú Praghsanna & Uisce Éireann


**(a)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** shampla de bhacainní ar iontráil a bhíonn roimh ghnólachtaí atá ag iarraidh dul isteach i margadh monaplachta.
(ii) Mínigh, le cabhair léaráide, staid fhadtréimhseach cothromaíochta monaplaí. Cuir in iúl, ar do léaráid, an brabús a dhéanann an monaplaí. (35)

**(a)** (i) Bacainní ar iontráil a bhíonn roimh ghnólachtaí atá ag iarraidh dul isteach i margadh monaplachta.

| |
|---|
| **Srianta dlí / reachtúla** |
| D'fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar ionas go mbeidh srian dleathach ar iomaíocht e.g. seirbhísí Iarnród Éireann nó reachtaíocht rialtais maidir le ceadúnais. |
| **Comhaontuithe Trádála / comhaontuithe faoi leithroinnt margaí** |
| Is féidir le gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile (dul i gclaonpháirt leo) ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in ann tráchtearra áirithe a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh. |
| **Úinéireacht príomhacmhainne / amhábhar** |
| D'fhéadfadh cuideachta an ceart aonair a bheith aici chun na hamhábhair ar fáil agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta sirtheoireachta ola. |
| **Teastaíonn infheistíocht chaipitil mhór ón tionscal / Ardchostais tionscnaimh** |
| I gcás roinnt tionscal bíonn an caipiteal a theastaíonn lena mbunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir ach leis an gcuideachta ar féidir leo an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh.<br>Díspreagtar iomaitheoirí ó dhul isteach sa mhargadh mar gheall ar na hardchostais tionscnaimh tosaigh. |
| **Cumaisc / Táthcheangail** |
| Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. |
| **Praghsáil Teorann** |
| Is féidir le gnólacht praghsáil teorann a úsáid (díol ar phraghsanna fíor-ísle) chun iallach a chur ar iontrálaithe nua an tionscal a fhágáil ionas go mbíonn cumhacht mhonaplachta ag an ngnólacht sin i gcónaí. |
| **Ceannas branda ag soláthróir mór** |
| Is féidir le gnólacht cumhacht monaplachta a fháil má éiríonn leis trína chuid fógraíochta, cur ina luí ar thomhaltóirí nach bhfuil aon rogha oiriúnach ar a chuid brandaí áirithe |
| **Monaplacht nádúrtha / barainneachtaí scála / teicneolaíocht níos fearr** |
| Tarlaíonn monaplacht nádúrtha toisc gur féidir le gnólacht amháin earra nó seirbhís a sholáthar don mhargadh go léir ar chostas níos ísle ná mar a d'fhéadfadh dhá ghnólacht nó níos mó a dhéanamh.<br>Is féidir le cuideachta a bhfuil teicneolaíocht níos fearr aici monaplacht a bhaint amach. Mar sin féin, de réir a chéile féadfaidh iomaitheoirí dul isteach sa mhargadh e.g., bhí ceannas ag Intel ar an margadh go dtí go ndeachaigh AMD isteach sa mhargadh. |
| **Úinéireacht phaitinne / chóipchirt** |
| Má tá an ceart aonair ag gnólacht ar phróiseas déantúsaíochta ansin ní féidir le haon ghnólacht eile dul in iomaíocht leis. Gníomhaíonn paitinn (a úsáidtear chun cosaint a thabhairt do chearta maoine gnólachtaí) mar bhacainn ar iontráil. Ní cheadaítear do ghnólachtaí eile an phaitinn sin a úsáid go dtí go mbeidh an tréimhse ama atá ann dó imithe in éag. |

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

(ii) Mínigh, le cabhair léaráide, staid fhadtréimhseach cothromaíochta monaplaí. Cuir in iúl, ar do léaráid, an brabús a dhéanann an monaplaí. (35)




**Léaráid: 11 phointe ag 1 mharc an ceann.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ais an phraghais** | **Ais na cainníochta** | **AR** | **MR** | **MC** | **AC** | **Pointe cothromaíochta ceart - E** | **$P_1$** | **$C_1$** | **$Q_1$** | **Brabúis taispeánta** |

***Míniúchán: 14 mharc***

**1. Cothromaíocht**
- Tarlaíonn sé ag pointe E áit a bhfuil **1 mharc**
- MC = MR [agus tá MC ag ardú] **2 mharc**

**2. Praghas / Aschur**
- Táirgeann an gnólacht $Q_1$ **2 mharc**
- agus díolann sé é ag $P_1$ **1 mharc**

**3. Costas**
- Léirítear costas an aschuir seo a tháirgeadh ag pointe $C_1$ **2 mharc**

**4. BO (Brabús Osnormálta)**
- Tá an gnólacht seo ag tuilleamh BO [$P_1$ $C_1$ D B] **1 mharc**
- mar go bhfuil AR > AC ***nó*** is féidir leo leanúint ar aghaidh mar gheall ar chosc ar iontráil. **2 mharc**

**5. Acmhainní Ganna á gCur Amú / Neamhéifeachtúlacht** **1 mharc**
- Níl an gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe is ísle ar chuar AC **2 mharc**

**(b)** *Tig le monaplaí a bhrabúis a mhéadú má chleachtann sé idirdhealú praghsanna.*

(i) Mínigh an coincheap *idirdhealú praghsanna*, agus tú ag úsáid sampla oiriúnach.
(ii) Luaigh agus mínigh na coinníollacha margaidh atá riachtanach chun go mbeadh idirdhealú praghsanna ann. (25)

(i) Mínigh an coincheap *idirdhealú praghsanna*, agus tú ag úsáid sampla oiriúnach.

**Míniúchán:**

Nuair a dhéantar na hearraí nó na seirbhísí céanna a dhíol le tomhaltóirí difriúla (i margaí difriúla) agus cóimheasa éagsúla idir an costas imeallach agus an praghas / ní tharlaíonn an difríocht sa phraghas mar gheall ar dhifríochtaí sa chostas táirgthe .

**8 marc**

**Sampla:**

De réir suímh (praghsanna difriúla i réigiúin / i dtíortha difriúla (e.g.Netflix níos daoire in Éirinn ná mar atá sa RA.)
De réir déimeagrafaice (táillí leanaí / lamháltais do phinsinéirí seanaoise / mic léinn ag an bpictiúrlann)
De réir rátaí ama difriúla ag amanna difriúla (Táillí iarnróid ag amanna comaitéara seachas amanna eile)
De réir stádais (d'fhéadfaí praghsanna difriúla a ghearradh ar bhaill reatha clubanna i gcomparáid le baill nua)

**2 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh na coinníollacha margaidh atá riachtanach chun go mbeadh idirdhealú praghsanna ann.

**Roinnt monaplachta / cumhacht margaidh**
Ní mór do ghnólachtaí cumas éigin a bheith acu an praghas margaidh a athrú tríd an éileamh, an soláthar nó an dá cheann a rialú. Dá mbeadh saoirse iontrála sa tionscal, rachadh iomaitheoirí isteach áit a raibh an gnólacht ag gearradh an phraghais ab airde agus ag tuilleamh BO agus leanfadh sé sin go dtí nach mbeadh á thuilleamh ach brabús normálta.

**Deighilt margaí / cumas teoranta an táirge a dhíol**
Ní mór do na margaí a bheith sainiúil agus ar leith óna chéile. Cinntíonn sé sin nach féidir an t-earra a cheannaítear sa mhargadh ina bhfuil an praghas íseal a thairiscint le díol arís sa mhargadh ina bhfuil an praghas ard (gan athdhíol idir margaí). Mura mbeadh sin amhlaidh ní fhéadfaí praghsanna éagsúla a ghearradh sa dá mhargadh mar gheall ar aistriú na n-earraí a cheannófaí ar mhargadh na bpraghsanna ísle go margadh na bpraghsanna arda. Ní féidir cóireáil fiacla/ dochtúra a dhíol.

**Praghasleaisteachais dhifriúla an éilimh ag an tomhaltóir / cuair dhifriúla éilimh**
Léiríonn tomhaltóirí difriúla íogaireachtaí difriúla do phraghas i.e. bíonn praghasleaisteachais dhifriúla éilimh acu. Gearrtar na praghsanna is ísle dá gcuid earraí ar na tomhaltóirí leis an PED is mó e.g. glactar leis go bhfuil ioncaim níos ísle ag mic léinn agus mar sin nach bhfuil siad in acmhainn an praghas iomlán a íoc ar earraí agus seirbhísí áirithe.

**3 choinníoll ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

**(c)** *Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER), rialaitheoir fuinnimh neamhspleách na hÉireann, ceaptha ina rialaitheoir neamhspleách eacnamaíochta ar sheirbhísí uisce poiblí na hÉireann.*

Déan plé ar cé acu ba chóir Uisce Éireann, fóntas nua uisce na hÉireann, a rialáil nó nár chóir. (15)

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:

**Argóintí ar son Uisce Éireann a rialú**

**Praghsáil: a chinntiú go ngearrtar praghas cothrom ar thomhaltóirí**
Toisc gur ceart bunúsach daonna é an t-uisce ba cheart é a chur ar fáil do thomhaltóirí ar phraghas cothrom. Ba cheart don rialtóir cosc a chur ar mhí-úsáid cumhacht monaplachta agus dá réir sin leas na gcustaiméirí uisce a chosaint agus a chinntiú nach mbítear ag teacht i dtír orthu. Beidh cosaint ag tomhaltóirí má dhéantar na lamháltais ioncaim agus na struchtúir taraife atá molta ag Uisce Éireann a cheadú agus a rialú.

**Caighdeán: soláthar uisce ghlain**
Ba cheart go gcinnteofaí le rialúchán go ndéanfaí seirbhísí uisce a sheachadadh ar bhealach slán sábháilte / ba cheart go mbeadh an t-uisce a sholáthrófaí glan agus ba cheart soláthar gan staonadh a ráthú.

**Infheistiú i mbonneagar**
D'fhonn a chinntiú go mbeidh soláthar uisce inbhuanaithe ag Éirinn agus soláthar seirbhís chóireála fuíolluisce ní mór infheistiú i mbonneagar a thacóidh le forbairt na seirbhíse sa todhchaí e.g. fáil réidh leis an luaidhe sna píopaí uisce.

**Cosaint na timpeallachta**
Tá Uisce Éireann freagrach freisin as cóireáil fuíolluisce. Cinnteoidh sé sin go mbeidh cosaint ag an timpeallacht agus go mbeidh cosaint ag saoránaigh sa todhchaí etc.

**Argóintí i gcoinne Uisce Éireann a rialú**

**Ba cheart coinneáil le beartais laissez faire**
Níor cheart don rialtas a ladar a chur sa mhargadh. Má dhéantar an margadh a rialú d'fhéadfadh sé sin infheisteoirí ionchasacha a dhíspreagadh in Éirinn toisc go measfaidís go bhféadfaí aird dhiúltach a tharraingt ar a n-iarracht brabús a dhéanamh.

**Ba chóir don mhargadh praghsanna a chinneadh**
Ba cheart gurb é an margadh a chinnfeadh praghas an uisce. Ba cheart go gcinnteofaí leis sin go ngearrtar an praghas iomlán eacnamaíoch as an tseirbhís agus nach gcuirfí aon ghnó polaitíochta san áireamh.

**Is féidir le hUisce Éireann cistí a ghiniúint i gcomhair nuálaíochta**
Beidh Uisce Éireann in ann cistí a ghiniúint a thabharfadh deis don chuideachta dul i mbun nuálaíochta le modhanna táirgthe / dáileacháin / agus cistí a ghiniúint le haghaidh infheistíochta sa bhonneagar etc.

**3 chúis ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

## C3 Téarmaí / Costais / Barainneachtaí & Díbharainneachtaí scála

**(a)** I gcás aon **dá** cheann de na trí phéire seo a leanas, déan idirdhealú idir an dá choincheap:

- Costas Imeallach agus Meánchostas
- Costas Follasach agus Costas Intuigthe
- Brabús Normálta agus Brabús Osnormálta. (20)

**Costas imeallach**
An breisiú / méadú ar an gcostas iomlán ó aonad breise aschuir a tháirgeadh.

**Meánchostas**
An costas iomlán roinnte ar líon iomlán na n-aonad a tháirgtear / An costas in aghaidh gach aonaid aschuir a tháirgtear.

**Costas follasach** (na costais atá ar eolas/na costais airgid)
Na costais a íocann gnólacht as ionchuir (agus atá taifeadta ag cuntasóirí). Bíonn ar an ngnólacht airgead a chaitheamh lena n-aghaidh seo.

**Costas intuigthe**
Is minic gur costais neamhairgid iad na costais intuigthe agus is minic a bhíonn siad deacair a áireamh / úsáideann an gnólacht a chuid acmhainní féin. Ionchuir nach gceannaítear in idirbheart margaidh.
(Am agus infheistíocht na n-úinéirí sa ghnólacht, e.g. an pá nach nglacann an t-úinéir as a s(h)haothar.)

**Brabús normálta**
Sin é an t-íosmhéid brabúis a chaithfidh an fiontraí a shaothrú chun acmhainní a choimeád mar atá siad in úsáid faoi láthair go fadtéarmach / an t-íosmhéid a theastaíonn chun tosca táirgeachta a choimeád ina n-úsáid reatha.
Is cuid de chostas iomlán na táirgeachta é brabús normálta.

**Brabús osnormálta**
Sin é an brabús a shaothraítear de bhreis ar bhrabús normálta / brabús os cionn an íosmhéid a theastaíonn chun tosca táirgeachta a choimeád ina n-úsáid reatha.
Tarlaíonn sé aon uair is mó an meánioncam ó dhíol earraí ná an meánchostas a bhaineann lena dtáirgeadh.

### 4 mhíniúchán ar 5 mharc an ceann

**(b)** Taispeánann an tábla thíos aschur agus costais táirgeachta bácúis bhig.

| Aonaid Aráin | Iomlán na gCostas (€) | Iomlán na gCostas Athraitheach |
|---|---|---|
| 0 | 100 | **0** |
| 100 | 200 | **100** |
| 200 | 280 | **180** |
| 300 | 330 | **230** |
| 400 | 360 | **260** |
| 500 | 450 | **350** |
| 600 | 600 | **500** |
| 700 | 770 | **670** |

(i) Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:
- Cad iad na **costais sheasta** a ghabhann le hoibriú an bhácúis seo? Mínigh do fhreagra.
- Cad iad na **costais athraitheacha** a ghabhann le táirgeadh 300 builín aráin?
- Cad é an **meánchostas** a ghabhann le táirgeadh 400 builín aráin?


- Costais sheasta: €100. Cosnaíonn sé €100 le 0 aonad a tháirgeadh agus dá bhrí sin is ionann sin agus na costais sheasta.

**6 mharc**

- Costais Athraitheacha Iomlána 300 builín: €330 – €100 = €230 **3 mharc**

- Meánchostas 400 builín = $\frac{\text{Costas iomlán}}{\text{Aschur iomlán}} = \frac{€360}{400}$ = €0.90 in aghaidh an bhuilín **3 mharc**

(ii) Bain úsáid as na sonraí atá sa tábla thuas agus tarraing graf **amháin** a thaispeánfaidh na nithe seo a leanas:
Iomlán na gcostas (cuir an lipéad IC ar an gcuar) / iomlán na gcostas athraitheach (cuir an lipéad CA ar an gcuar) / Iomlán na gcostas seasta (cuir an lipéad CS ar an gcuar)




- Lipéid: Costais / Cainníocht: 2 ag 1 mharc an ceann = **2 mharc** )
- Graf d'iomlán na gcostas seasta: **4 mharc** )
- Graf den chostas iomlán: **2 + 2 + 3 = 7 marc** )
- Graf den chostas athraitheach iomlán: **2 + 2 + 3 = 7 marc** ) **20 marc**

**(Pointe tosaigh / foirceann + treocht cheart)**

(iii) Maidir leis an ngraf atá tarraingthe agat i gcuid (ii), an í an ghearrthréimhse nó an fhadtréimhse a léiríonn sé? Tabhair breac-chuntas ar chúis le do fhreagra.

Léiríonn an graf an **ghearrthréimhse**
Sa ghearrthréimhse amháin a bhíonn **costais sheasta** ann / bíonn ar a laghad ceann amháin de na tosca táirgeachta seasta ó thaobh cainníochta de. **3 mharc**

**(c)** Déan plé ar bharainneachtaí scála **agus** ar dhíbharainneachtaí scála a d'fheadfadh a bheith ag an mbácús thuasluaite dá méadódh sé a scála táirgeachta san fhadtréimhse. (20)

**Barainneachtaí scála a d'fhéadfadh a bheith ag an mbácús**

- **Barainneachtaí scála teicniúla**
  Má leathnaíonn an bácús d'fhéadfaidís údar maith a bheith acu innealra níos fearr a cheannach toisc go bhféadfaí an costas a leathadh amach thar chainníocht aschuir níos mó.
- **Barainneachtaí in úsáid saothair**
  Má leathnaíonn an bácús fágann leibhéil táirgeachta níos mó gur féidir dul le speisialtóireacht faoi leith agus saothar a dheighilt / d'fhéadfadh gach oibrí tabhairt faoi chúram sonrach agus a bheith an-oilte sa tasc sin. Dá bharr sin d'fhéadfaí an t-aschur in aghaidh an oibrí a mhéadú agus d'fhéadfadh an costas in aghaidh an aonaid a laghdú.
- **Barainneachtaí táirgeachta**
  D'fhéadfadh an bácús dul i mbun próiseas leanúnach táirgeachta; trí cinn de shealanna oibre 8 n-uaire an chloig sa lá a fheidhmiú mar shampla. Laghdaítear costais leis sin toisc nach gcuirtear isteach ar an bpróiseas táirgeachta.
- **Barainneachtaí in úsáid amhábhar**
  D'fhéadfadh bácús mór a bheith in ann leas níos fearr a bhaint as a gcuid amhábhar trí raon níos leithne táirgí a dhéanamh agus dramhaíl a laghdú dá réir sin.
- **Barainneachtaí airgeadais**
  D'fhéadfadh bácús mór a bheith in ann rátaí iasachta níos fabhraí a shocrú le hinstitiúidí airgeadais agus b'fhéidir go mbeadh rogha níos leithne institiúidí acu chun teacht ar iasachtaí.
- **Ceannach**
  D'fhéadfadh bácús mór a bheith in ann lascainí a fháil chun amhábhair a cheannach/costais soláthair níos ísle nuair a cheannaíonn siad i mbuilc (is féidir leo níos mó a cheannach agus teacht ar chomhaontú le soláthróirí maidir le lascainí).
- **Barainneachtaí dáileacháin**
  Le táirgeacht mhéadaithe d'fhéadfadh an bácús a bheith in ann córas iompair agus dáileacháin níos éifeachtúla a shocrú.
- **Barainneachtaí margaíochta**
  D'fhéadfaí a bheith ábalta na costais fógraíochta a laghdú toisc gur féidir iad sin a scaipeadh amach thar líon níos mó d'aonaid aschuir / beidh an bácús ag fógairt do líon níos mó custaiméirí agus d'fhéadfadh a chostas in aghaidh an aonaid titim dá bharr.

**Díbharainneachtaí scála a d'fhéadfadh a bheith ag an mbácús**

- **Díbharainneachtaí bainistíochta**
  Dá mhéid an gnólacht, is ea is mó na cúraimí ar an bhfoireann bainistíochta. D'fhéadfadh fadhb chumarsáide a bheith ann agus d'fhéadfadh neamhéifeachtúlachtaí teacht chun cinn dá bharr, rud a mhéadaíonn costais an ghnólachta.
- **Easpa inspreagtha d'oibrithe / meanma na foirne / coimhlint san ionad oibre**
  De bharr speisialtóireachta agus deighilt saothair éiríonn roinnt oibrithe bréan den obair chéanna arís is arís agus d'fhéadfadh cáilíocht na hoibre a bheith siar leis dá bharr. De réir mar a leathnaíonn an bácús, d'fhéadfadh coimhlint a bheith ann idir leas na n-oibrithe agus leas na bainistíochta agus d'fhéadfadh fadhbanna caidrimh thionsclaíoch teacht chun cinn. D'fhéadfaí cur isteach ar meanma na foirne, rud a tharraingíonn costais ar an ngnólacht.

**4 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**
**Níor mhór go mbeadh barainneacht / díbharainneacht amháin ann ar a laghad**
**Níor mhór tagairt don bhácús sa fhreagra**

## C4 Fiontraíocht & Brabúis / Infheistíocht in iarnróid na hÉireann / John Maynard Keynes

**(a)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** ghné eacnamaíochta den fhiontraíocht mar thoisc tháirgeachta.
(ii) Mínigh tábhacht an bhrabúis i ngeilleagar margaidh. (30)

(i) Luaigh agus mínigh dhá ghné eacnamaíochta den fhiontraíocht mar thoisc tháirgeachta.

**Is féidir le fiontar caillteanas a thuilleamh**
Is é an t-aon toisc amháin ar féidir léi caillteanas a thuilleamh mar thoradh ar laghdú ar éileamh nó mar thoradh ar chostais iomarcacha táirgeachta.

**Is féidir éagsúlacht a bheith sna torthaí**
Is féidir idir bhrabús osnormálta agus chaillteanais a bheith san áireamh sna torthaí / tá na torthaí ar na tosca eile ráthaithe.

**Is iarmharach atá an toradh**
Ní fhaigheann an fiontar a thoradh go dtí go n-íoctar as na tosca eile.
Tá sí difriúil leis na tosca eile ina go gcomhaontaítear na híocaíochtaí roimh ré nó de réir conartha.

### 2 ghné ar 5 mharc an ceann (2 + 3)

(ii) Mínigh tábhacht an bhrabúis i ngeilleagar margaidh.

**Fiontraíocht a spreagadh**
Is réamhriachtanas iad brabúis chun fiontraithe a spreagadh na rioscaí atá mar dhlúthchuid de ghnó ar bith a ghlacadh / ní bheadh aon ghnólacht sásta earraí nó seirbhísí a sholáthar murach brabúis.

**Léiríonn an úsáid is fearr as acmhainní / éileamh tomhaltóirí**
Tugann brabúis léiriú d'fhiontraithe go bhfuil siad ag soláthar earraí agus seirbhísí atá ag teastáil ó thomhaltóirí / go bhfuil siad ag freagairt d'éileamh tomhaltóirí / tugann siad le fios na réimsí is oiriúnaí le hacmhainní ganna a chur ag obair iontu.

**Infheistíocht a spreagadh**
Nuair a thuilltear brabúis d'fhéadfadh sé sin ugach a thabhairt d'fhiontraithe tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i bhfiontair / gnólachtaí nua a spreagadh le teacht isteach sa tionscal.

**Cistí a chur ar fáil i gcomhair leathnú**
Féadfaidh fiontraithe leas a bhaint as na brabúis a thuilltear chun ath-infheistiú a dhéanamh ina ngnó / táirgeacht a éagsúlú, etc.

**Bíonn brabús ar an nuálaíocht**
Tuilleann fiontraithe BO mar go mbíonn siad níos éifeachtúla / fiontraíocht nuálach / costais táirgiúlachta a íoslaghdú agus brabúis a mhéadú

**Foinse ioncaim don rialtas**
Gearrann an rialtas cáin ar aon bhrabús a thuilleann fiontraithe (bíonn eisceachtaí ann) agus bíonn siad ina bhfoinse ioncaim don stát. Féadfaidh siad na brabúis seo a úsáid chun an geilleagar a fhorbairt a thuilleadh.

### 4 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)

**(b)** (i) Déan idirdhealú idir na téarmaí *caipiteal* agus *infheistíocht* mar a úsáideann eacnamaithe iad.
(ii) Déan plé ar an gcás i bhfabhar infheistíocht Rialtais in iarnróid na hÉireann, **agus** ar an gcás ina coinne. (30)

(i) Déan idirdhealú idir na téarmaí *caipiteal* agus *infheistíocht* mar a úsáideann eacnamaithe iad.

**Caipiteal**
*Caipiteal* – aon rud a dhéanann an duine a úsáidtear i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí.
Tagraíonn caipiteal don trealamh/innealra a úsáidtear sa phróiseas táirgthe.
Coincheap stoic is ea caipiteal.

**Infheistíocht**
Baineann infheistíocht le táirgeadh earraí caipitiúla / le foirmiú caipitil.
San eacnamaíocht baineann *infheistíocht* le gnólacht a bheith ag ceannach caipiteal nua, leithéid innealra nó foirgneamh monarchan.
Aon bhreisiú / méadú ar stoc caipitil/caiteachas ar threalamh caipitil. Coincheap sreafa atá ann.

## 2 mhíniúchán ar 5 mharc an ceann

(ii) Déan plé ar an gcás i bhfabhar infheistíocht Rialtais in iarnróid na hÉireann, **agus** ar an gcás ina coinne.

**An cás ina fabhar:**

**Éascaíonn sé soghluaisteacht gheografach**
Ceadaíonn sé do dhaoine taisteal níos éasca idir codanna éagsúla den tír / ón mbaile go dtí an obair agus mar sin méadaíonn sé soghluaisteacht gheografach an tsaothair.

**Forbairt chothromaithe réigiúnach**
D'fhéadfadh caighdeán maireachtála níos fearr sna réigiúin bheith mar thoradh ar bhonneagar iarnróid agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé cuidiú le forbairt réigiúnach e.g. in Iarthar na hÉireann.

**Níos lú sáinn tráchta**
D'fhéadfadh brú tráchta laghdú mar gheall ar iompar iarnróid a bheith in úsáid níos minice nuair a thosaíonn an geilleagar ag feabhsú.

**Tá sé réasúnta neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomparáid le carr**
D'fhéadfaí úsáid iompair phoiblí a spreagadh ionas nach n-úsáidfí an oiread breosla iontaise agus go sábhálfaí acmhainní ganna

**Infheistíocht dian ar chaipiteal**
Teastaíonn infheistíocht chaipitil ollmhór in iarnród, rud nach bhféadfadh fiontar príobháideach a chur ar fáil, mar sin ba cheart don rialtas é a chur ar fáil.

**Bonneagar feabhsaithe**
Teastaíonn infheistíocht chun rothstoc reatha a chothabháil ionas go gcuirtear seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do thomhaltóirí ar bhonn leanúnach. D'fhéadfadh amanna taistil a laghdú de toradh infheistíochta agus d'fhéadfadh méadú teacht ar éileamh daoine aonair agus gnólachtaí.

**Tairbhe shóisialta**
Cuireann siad modh iompair ar fáil do dhaoine nach bhfuil modh príobháideach iompair acu. Ar an ábhar sin, is rud inmhianaithe ó thaobh na sochaí iad.

**An cás ina coinne:**

**An-dian ar chaipiteal**
De bhrí go bhfuil leibhéal ard caipitil ag teastáil, beidh impleachtaí móra maoinithe aige don rialtas. Méadófar iasachtú an stáit. Tá fiachas náisiúnta ard ag Éirinn faoi láthair.

**Infheistíocht an-fhadtéarmach atá ann**
D'fhéadfadh sé bheith ró-chostasach mar gur infheistíocht fhadtéarmach é agus d'fhéadfadh infheistíocht i mbusanna bheith níos fearr agus níos éifeachtúla ó thaobh costais sa ghearrthéarma.

**Deischostas**
Baineann deischostas mar infheistíocht i bhfeabhsúchán bóithre le fóirdheontais do línte nach ndéantar aon bhrabús orthu.

**Laghdú san éileamh ar sheirbhísí iarnróid**
D'fhéadfadh sé nach mbeadh an infheistíocht éifeachtach ó thaobh costais mar go bhfuil titim sa líon paisinéirí, i dtrácht lastais agus in úsáid an ghréasáin iarnróid fho-uirbigh i mBaile Átha Cliath.

**Ceangaltas le fóirdheontais leanúnacha / costas ar an gcáiníocóir**
In 2013, cuireadh fóirdheontas €258m ar fáil, rud a d'fhéadfadh baint den inspreagadh costais a choinneáil síos.

**Iomaíocht mhéadaithe ó chuideachtaí bus / gréasán mótarbhealaigh feabhsaithe**
Mhéadaigh iomaíocht ar bhealaí áirithe go mór e.g. busanna ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh: ardmhinicíocht, oibríocht 24 uair an chloig; turais níos tapúla, táillí níos ísle, níl aon fhóirdheontais ann agus ardchaighdeáin feithicle etc.

**4 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**
**Níor mhór go mbeadh argóint amháin ina fabhar / argóint amháin ina coinne ar a laghad.**
**Ní freagraí uileaghabhálacha iad na freagraí a thugtar**

**(c)** (i) Luaigh agus mínigh na **trí** chúis a chuir John Maynard Keynes chun tosaigh le sócmhainní a choinneáil i bhfoirm airgid thirim.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar phríomhthionchar **amháin** ar **gach** cúis díobh. (15)

| Ráiteas | Míniúchán | Príomhthionchar amháin |
|---|---|---|
| Cúiseanna beartaíochta | Is mian le daoine airgead a bheith acu le caitheamh ó lá go lá / mar mheán malairte. | **Leibhéal ioncaim:** Caithfidh daoine ar ioncam níos airde níos mó agus ardóidh an t-éileamh beartaíochta. |
| Cúiseanna réamhchúraim | Coinníonn daoine airgead i gcomhair cásanna éigeandála / do rudaí nach bhfuiltear ag súil leo. | **Leibhéal ioncaim:** Dá airde an leibhéal ioncaim is ea is mó an t-éileamh réamhchúramach ar airgead. |
| Cúiseanna amhantracha | Is mian le daoine airgead a choinneáil i gcomhair aon deiseanna infheistíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo. Coinnítear airgead chun caillteanas ó shócmhainní ar a n-íoctar ús a sheachaint | **Rátaí úis:** Má tá rátaí úis ard, beidh an t-éileamh ar bhannaí réasúnta ard agus beidh an t-éileamh ar airgead réasúnta íseal. Dá airde an ráta úis is ea is mealltaí is a bhíonn sé saibhreas a stóráil i mbannaí seachas in airgead agus leis seo, íslíonn an t-éileamh amhantrach ar airgead. |
| **3 chúis ar 5 mharc an ceann ( 1 + 2 + 2 )** | | |

## C5 Baincéireacht / Margadh Réadmhaoine na hÉireann / Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus rochtain ar mhaoiniú

**(a)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a chuireann teorainn le cumas na mbanc creidmheas a chruthú.
(ii) Déan plé ar an bhfáth a gceaptar go bhfuil sé riachtanach an córas airgeadais a rialáil. (30)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a chuireann teorainn le cumas na mbanc creidmheas a chruthú.

**Custaiméirí inchairde a bheith ar fáil**
Fiú má bhíonn airgead ag bainc le tabhairt ar iasacht, beidh siad aireach i dtaobh iasachtaí a thabhairt mar go mbeidh siad buartha faoin riosca nach n-aisíocfar na hiasachtaí. I gcúlú eacnamaíochta, d'fhéadfadh tomhaltóirí a bpost a chailleadh agus gan bheith ábalta a n-iasachtaí a aisíoc.
**Taiscí airgid thirim sna bainc**
Ní féidir le banc iasachtaí a thabhairt ach sa chás gur féidir leo taiscí airgid thirim a mhealladh. Má mheallann siad níos mó taiscí, beidh siad ábalta níos mó creidmheasa a chruthú. Mar gheall air go bhfuil rátaí úis íseal, d'fhéadfadh deacracht a bheith ag bainc na hÉireann taiscí a mhealladh mar go lorgóidh custaiméirí torthaí níos fearr in áiteanna eile.
**Éileamh custaiméirí ar iasachtaí / ar chreidmheas**
Ag amanna éiginnteachta, ní dócha go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíocht agus ní ghlacfaidh tomhaltóirí aonair iasachtaí má bhíonn imní orthu faoina n-ioncam / deiseanna fostaíochta sa todhchaí.
**Éilimh custaiméirí ar airgead tirim**
Ní mór don bhanc go leor airgead tirim a choinneáil le go mbeidh sé ábalta éilimh a chustaiméirí ar airgead tirim a chomhlíonadh. Má íocann daoine níos mó dá gcuid billí in airgead tirim le linn cúlú eacnamaíochta, beidh méadú ar a n-éileamh ar airgead tirim agus laghdóidh sé seo cumas na mbanc chun creidmheas a chruthú.
**Treoirlínte ón mBanc Ceannais Eorpach**
Ní mór do bhainc cloí le rialacháin an BCE / rialacha maidir leis an ráta bainc a athrú / na cóimheasa caipitil is gá don bhanc a choinneáil (i.e. an méid caipitil ar chlár comhardaithe an bhainc mar chionroinn dá iasachtaí) agus luach na sócmhainní leachta is gá do bhainc a choinneáil.
Is féidir leo an riachtanas taisce a athrú, rud a mbeadh tionchar aige ar chumas na mbanc creidmheas a chruthú.

**3 thoisc ar 6 mharc an ceann ( 3 + 3 )**

(ii) Déan plé ar an bhfáth a gceaptar go bhfuil sé riachtanach an córas airgeadais a rialáil..

**Cosaint áirithe a thabhairt do thaisceoirí / chustaiméirí le hinstitiúidí airgeadais aonair.**
Is é cuspóir an rialacháin margadh seirbhísí airgeadais cobhsaí, sábháilte, cóir a chur ar fáil do thomhaltóirí / chun institiúidí airgeadais maithe agus sócmhainneacha a chur chun cinn a thugann muinín do thaisceoirí go bhfuil a dtaiscí agus a n-infheistíochtaí sábháilte / muinín a bheith ag custaiméirí as an gcóras airgeadais.

**Lena chinntiú go leanann bainc nósanna imeachta cearta san iasachtú agus chun iasachtú meargánta a sheachaint**
Bhí cúis intíre le géarchéim baincéireachta na hÉireann – bhí institiúidí creidmheasa faoi rialú Éireannach páirteach i nglacadh riosca iomarcach agus in iasachtú meargánta le haghaidh réadmhaoine. Lorg institiúidí creidmheasa na hÉireann brabúis agus sciar níos mó den mhargadh i margadh a bhí níos iomaíche.

**Cobhsaíocht an chórais airgeadais a chothabháil / muinín a chur ar ais**
Chun córas airgeadais cobhsaí / sláintiúil a chothú. D'fhéadfadh an rialáil a chinntiú go bhfeidhmeoidh an earnáil airgeadais go héifeachtúil / bheadh muinín ag an bpobal as arís, bheadh cobhsaíocht airgeadais ann dá thoradh, rud a chuirfidh tús le fás geilleagrach arís.

**Chun éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a laghdú (borradh/cliseadh).**
Má fhágtar bainc astu féin, tabharfaidh siad an iomarca iasachtaí nuair a bhíonn rudaí go maith agus ní thabharfaidh siad mórán iasachtaí ar fáil nuair nach mbíonn rudaí go maith (iompar comhthimthriallach na mbanc). D'fhéadfaidís an bhorradh agus an cliseadh sa timthriall a mhéadú (i.e. gach rud a dhéanamh níos measa dá bharr).

**2 fháth ar 6 mharc an ceann ( 3 + 3 )**
**Ní freagraí uileaghabhálacha iad na freagraí a thugtar**

**(b)** *In Eanáir 2015, thug Banc Ceannais Éireann (BCÉ) isteach srianta ar iasachtaí faoi choinne morgáistí ar thithe cónaithe (éarlaisí níos mó de dhíth faoi choinne iasachtaí morgáistí agus uasteorainneacha le hiasachtaí bunaithe ar ioncam).*

Luaigh agus mínigh na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag na srianta seo do mhargadh réadmhaoine na hÉireann.

(20)

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:

**D'fhéadfadh sé maolú ar threocht na bpraghsanna réadmhaoine atá ag ardú**
D'fhéadfadh na srianta an méadú ar phraghsanna tithe a theorannú trí theorainn a chur ar éileamh éifeachtach (cumhacht ceannacháin le hioncam taobh thiar de)

**Éifeacht soláthair fhéideartha**
D'fhéadfadh sé go mbeadh breis éilimh ar réadmhaoin ar cíos / cíos a bheith níos airde mar thoradh ar na srianta. D'fhéadfadh claontacht bheith ann i dtreo ceannaitheoirí céaduaire. D'fhéadfadh líon na morgáistí méadú de bharr iad a bheith níos lú ar an meán.

**D'fhéadfadh leibhéil níos ísle gníomhaíochta tógála bheith ar siúl nuair a theastaíonn tithe nua**
Tagann sé seo salach ar bheartas tithíochta an rialtais ina ndéantar iarracht soláthar tithe nua a spreagadh. D'fhéadfadh na srianta tógáil tithe a dhíspreagadh mar nach mbeidh fonn ar fhorbróirí agus ar a dtacaithe airgeadais bheith i mbun tógála.

**Níos mó sábháilteachta timpeall ar ghnó an mhorgáiste**
D'fhéadfaidís athléimneacht na n-earnálacha baincéireachta agus teaghlaigh ó chreathanna airgeadais / chreathanna i margadh réadmhaoine na hÉireann a mhéadú. Ní bhíonn iasachtóirí chomh leochaileach céanna sa chás go dtiteann praghsanna réadmhaoine trí na caillteanais a laghdú i gcás deacrachta.

**Cuidíonn sé le timthriall an ghnó a chobhsú / an borradh-cliseadh sa timthriall a laghdú**
D'fhéadfadh gníomhaíocht stuama iasachtaithe tarlú de réir mar a fheabhsaíonn gníomhaíocht sa mhargadh tithíochta. D'fhéadfadh sé sin a chinntiú go mbaintear amach cuspóir na freagrachta san iasachtú / d'fhéadfadh na srianta deireadh a chur leis an timthriall borradh-cliseadh atá tarlaithe.

**D'fhéadfadh sé bac a chur ar théarnamh sa mhargadh réadmhaoine**
Tá sé deacair coigilt de bharr cíosanna arda agus méaduithe ar cháin. D'fhéadfadh na srianta é a dhéanamh deacair ag daoine bogadh amach as an margadh cíosa agus i dtreo úinéireacht tí.

**3 iarmhairt: 7 marc (4 + 3) + 7 marc (4 + 3) + 6 mharc (3 + 3 )**

**(c)** *Bunaíodh Corparáid Bhaincéireacht Straitéiseach na hÉireann (SBCI) d'fhonn tacaíocht a thabhairt do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (SME) agus chun airgeadas a sholáthar ar théarmaí fabhracha ( e.g. creidmheas ar chostas níos lú).*

Déan plé ar na sochair eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith le baint as cistí níos mó a bheith ar fáil ag earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide in Éirinn. (25)

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:

**Deiseanna fostaíocht / oiliúna a chruthú**
Tá go leor gnóthas beag agus meánmhéide (GBM) dúchasach agus faoi úinéireacht Éireannach. Le maoiniú breise, cabhróidh siad le fostaíocht a chruthú. De réir mar a leathnaíonn an gnó, beidh níos mó deiseanna fostaíochta / oiliúna ag daoine. Tháinig níos lú ná ¼ den ghlanmhéadú ar líon na bpost ó ghnólachtaí faoi úinéireacht iasachta. Chruthaigh GBM-anna faoi úinéireacht Éireannach an chuid eile de na poist a cruthaíodh sa gheilleagar. Ní mór d'Éirinn an earnáil dúchais a fhás.

**Fiontraíocht a spreagadh**
Cuideoidh na GBM-anna le hioncam breise a chruthú agus dá bhrí sin cruthófar fás geilleagrach / OTI méadaithe. I gcás gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach, cuireann an luach breise ar fad san earnáil le hOTI na hÉireann ach i gcás cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha ní théann ach an bille pá agus an cháin chorparáide a íoctar isteach ann, i.e. beidh éifeacht an iolraitheora níos mó mar gheall ar GBM-anna.

**Solúbtha / in ann dul in oiriúint d'athruithe ar choinníollacha an mhargaidh**
Tá GBM-anna ina gcuid shuntasach de gheilleagar na hÉireann. Tá siad níos solúbtha agus níos ábalta dul in oiriúint d'athruithe ar choinníollacha an mhargaidh. Is féidir leo deiseanna a fheiceáil agus freagairt do choinníollacha an mhargaidh atá ag athrú go tapa.

**Feabhsúcháin i bhforbairt áitiúil**
Tá GBM-anna bunaithe ar fud na tíre. Soláthraíonn siad margaí áitiúla agus rachaidh aon leathnú ina seirbhísí chun tairbhe na bpobal áitiúil agus cuideoidh sé le forbairt réigiúnach.

**Feabhsaíonn airgeadas rialtais**
Má thagann méadú ar ghníomhaíocht ghnó, méadóidh fostaíocht, méadóidh an t-airgead a chaitear agus méadóidh an leibhéal ioncaim ó cháin mar aon le laghdú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh an rialtais.

**Comhardú na n-íocaíochtaí**
De bhrí gur gnólachtaí dúchais faoi úinéireacht Éireannach iad go leor GBM-anna, d'fhéadfadh an t-aschur a tháirgeann siad cuidiú le hiompórtálacha a ionadú agus/nó d'fhéadfaidís tosú ag easpórtáil roinnt dá n-aschur agus dá bhrí sin comhardú na n-íocaíochtaí in Éirinn a fheabhsú.

**Bheith ag brath níos lú ar infheistíocht dhíreach choigríche**
Trí GBM-anna faoi úinéireacht Éireannach a fhairsingiú, d'fhéadfadh Éire bheith ag brath níos lú ar infheistíocht dhíreach choigríche. D'éirigh go maith le gnólachtaí dúchais aschur agus fostaíocht a fhás. D'fhéadfadh sé gur tharla sin mar gheall air go mbraitheann siad níos mó ar mhargadh na Breataine a fhás.

**4 shochar: 7 marc (4 + 3) + 3 @ 6 mharc (3 + 3)**

## C6 Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT) agus díbhoilsciú / Dífhostaíocht agus fostaíocht

**(a)** "Ar an meán, bhí praghsanna, mar a thomhaiseann Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT) iad, 0.1% níos airde i mí na Samhna 2014 ná mar a bhí i mí na Samhna 2013." (*Staitisticí POS*)

(i) An gceapann tú gur tomhas beacht ar athruithe sa chostas maireachtála é IPT? Mínigh do fhreagra.
(ii) Déan plé ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag **díbhoilsciú** praghsanna do gheilleagar na hÉireann. (25)

(i) An gceapann tú gur tomhas beacht ar athruithe sa chostas maireachtála é IPT? Mínigh do fhreagra.

**Ní cheapann, ar na cúiseanna seo a leanas:**

**Teorainneacha a bhaineann le meán / ábharthacht**
Tá an IPT bunaithe ar mheánphatrún caiteachais. Bíonn na pátrúin chaiteachais aonarach agus seans nach ionann iad agus an pátrún ionadaíoch ar a mbunaítear na figiúirí oifigiúla. Seans nach léiríonn sé grúpaí éagsúla sa tsochaí go cruinn e.g. daoine nach gcaitheann tobac etc. Ní bhunaíonn an suirbhé ach ciseán earraí an ghnáth-theaghlaigh.

**Táirgí nua a thabhairt isteach**
Toisc nach gcuireann sé san áireamh ach na táirgí sin sa bhonnbhliain, bíonn sé chun deiridh ar threochtaí agus faisin tomhaltóirí. Ní chuirtear táirgí nua san áireamh san innéacs. Ní chuireann sé san áireamh méaduithe ar chumhacht ceannacháin airgid de bharr earraí nua a thabhairt isteach. Bíonn gach euro níos luachmhaire mar gheall ar éagsúlacht níos mó, ní theastaíonn a oiread euro ó thomhaltóirí chun caighdeán maireachtála a choimeád.

**Raon teoranta táirgí**
Áirítear raon teoranta táirgí san IPT. Caitheann formhór na dteaghlach a n-ioncam ar réimse an-leathan earraí. Ní áirítear ach dhá chatagóir déag san IPT atá déanta suas de thimpeall 8,000 táirge éagsúla. Ach bíonn na mílte mílte earra éagsúil ar an margadh ag aon am amháin.

**Stíleanna maireachtála tuaithe in aghaidh stíleanna maireachtála uirbeacha**
Léirítear teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh thuaithe araon sa tacar ualaí reatha, ach d'fhéadfadh nach léireodh sé seo athruithe ar a gcostas maireachtála faoi seach go cruinn e.g. tá costas an lóistín níos daoire i gceantair uirbeacha ná i gceantair thuaithe agus ní léirítear é seo san IPT.

**Tomhaltóirí ag athrú agus ag ceannach brandaí níos saoire / claontacht ionadaithe**
Nuair a ardaíonn praghsanna, ní thomhaiseann an IPT an méid a d'fhéadfadh daoine athrú agus brandaí níos saoire a cheannach. Bíonn sé de nós ag daoine táirgí níos saoire a ionadú nuair a bhíonn siad ar fáil nuair a ardaíonn praghsanna. Ní chuireann sé san áireamh cumas tomhaltóirí earraí a bhíonn níos saoire a ionadú thar am.

**Claontacht cáilíochta táirgí / athruithe caighdeáin gan tomhas**
Ní chuirtear athruithe ar chaighdeán / dul chun cinn teicneolaíochta san áireamh. Tugtar earraí nua isteach go seasta de réir mar a théann earraí eile as feidhm. Ní chuireann an IPT athruithe ar chaighdeán na n-earraí san áireamh. Tá sé díchumtha ag athruithe gan tomhas ar cháilíocht na n-earraí agus na seirbhísí. Má laghdaíonn an cháilíocht ó bhliain go bliain, titeann luach éifeachtúil an euro.

**Innéacs praghsanna é, ní innéacs an chostais mhaireachtála é**
Ní thomhaiseann an IPT ach athruithe ar phraghsanna agus ní thomhaiseann sé athruithe ar an gcostas maireachtála mar nach gcuireann sé na hearraí go léir a théann i bhfeidhm ar chaighdeán maireachtála an duine san áireamh i.e. cáin ioncaim, íocaíochtaí leasa shóisialaigh, etc.

**Ualaí nach bhfuil ionadaíoch / claontacht sa chomhdhéanamh**
Is iad na hualaí a úsáidtear ná iad siúd atá i bhfeidhm sa bhonnbhliain inar tógadh an Suirbhé ar Bhuiséad Tí. Seans nach bhfuil an bhonnbhliain ionadaíoch. Athraíonn an tábhacht a bhaineann le roinnt earraí sa bhonnbhliain le himeacht ama mar gheall ar athruithe ar phraghsanna, ar spéis agus ar ioncam. Ní chuireann sé san áireamh athruithe comhdhéanaimh sa chiseán mar go bhfuil na hualaí i dtréimhse na bonnbhliana agus ní sa tréimhse reatha.

**Ní cheapann: 2 mharc + 3 chúis ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

(ii) Déan plé ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag **díbhoilsciú** praghsanna do gheilleagar na hÉireann.

**Tionchar ioncaim / cumhacht ceannacháin ag méadú**
Má tá an leibhéal praghais ag titim, gnóthaíonn airgead luach thar am agus dá bhrí sin, méadaíonn an líon earraí agus seirbhísí a cheannaíonn tú le méid áirithe airgid.

**Tionchar ualach fiachais (fiachas morgáiste agus fiachas stáit)**
An fíorchostas a bhaineann le hiasachtaí a aisíoc. Iasachtóirí a bhfuil airgead dlite dóibh, gnóthaíonn siad faoi dhíbhoilsciú. Méadaíonn fíorluach íocaíochtaí na n-iasachtaithe / cailleann iasachtaithe mar gheall air go n-ardaíonn fíorualach a bhfiach.

**Meath i gcaiteachas / éileamh comhiomlán**
Féadfaidh tomhaltóirí caiteachas a chur siar mar go mbíonn siad ag súil le titim i bpraghsanna sa todhchaí agus laghdaíonn sé seo an t-éileamh comhiomlán agus d'fhéadfadh sé an cúlú a dhoimhniú. Dá bhrí sin, tagann meath ar fhás geilleagrach.

**Titim in infheistíocht**
D'fhéadfadh lucht gnó infheistíocht a chur siar de bharr neamhchinnteachta agus laghdú ar an éileamh. Beidh sé an-deacair ag cuideachtaí feidhmiú i ngeilleagar ina bhfuil praghsanna ag titim. Tá brabúis á n-ídiú.

**Méadú ar iomaíochas**
Ba cheart go mbeadh earraí Éireannacha níos mealltaí thar lear agus d'fhéadfadh an t-éileamh ar easpórtálacha Éireannacha méadú.

**Damáiste fadtéarmach don gheilleagar**
Féadann díbhoilsciú go leor nithe diúltacha a chruthú: titeann brabúis; dúnann monarchana; titeann fostaíocht agus ioncam agus méadaíonn mainneachtain ar iasachtaí cuideachtaí agus daoine aonair.

**2 iarmhairt ar 4 mharc an ceann (2 + 2)**

**(b)** Déanann eacnamaithe an dífhostaíocht a rangú i gcineálacha éagsúla.

(i) Luaigh agus mínigh **trí** chineál dífhostaíochta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar pholasaí cuí rialtais **amháin** i n**gach cás** chun dul i ngleic le **dhá** chineál dífhostaíochta díobh sin atá luaite agat i gcuid (i) thuas. (25)

(i) Luaigh agus mínigh **trí** chineál dífhostaíochta.

**Dífhostaíocht thimthriallach**
Tarlaíonn an cineál seo dífhostaíochta de bharr luaineachtaí sa timthriall ghnó (dífhostaíocht Keynesach). Tarlaíonn dífhostaíocht thimthriallach de bharr meath sa gheilleagar.
Go teoiriciúil, ba cheart na daoine siúd a chailleann a bpost sa chúlú a fhostú arís i gcéim an téarnaimh den timthriall. Claonadh na dífhostaíochta óna ráta nádúrtha.

**Dífhostaíocht struchtúrtha**
Tarlaíonn an cineál seo dífhostaíochta nuair a bhíonn athrú ar an bpatrún éilimh ar thacar áirithe scileanna. Athruithe ar phatrún na gníomhaíochta geilleagraí i ngeilleagar. Níl tionscal in ann dul in oiriúint ná bheith in iomaíocht de bharr éileamh athraitheach nó táirgí nua. Tá scileanna díbeartha ag teicneolaíochtaí nua e.g. tá foirgnimh réamhdhéanta tagtha isteach agus poist caillte ag bríceadóirí.

**Dífhostaíocht fhrithchuimilteach**
Tarlaíonn an cineál seo dífhostaíochta nuair a bhíonn daoine 'idir phoist'.
An dífhostaíocht a tharlaíonn mar gheall ar an am a ghlacann sé ar oibrithe poist a chuardach is fearr a fheileann dá roghanna agus scileanna. Fágfaidh oibrithe gnólacht amháin le dul chuig ceann eile. Bíonn dífhostaíocht fhrithchuimilteach ann sa tréimhse ina mbíonn fostaíocht á lorg acu mar gheall ar ghnáthgheilleagar a bheith i bhfeidhm: éiríonn oibrithe as chun poist níos fearr a fháil; ligeann fostóirí le hoibrithe chun oibrithe níos fearr a fháil ina n-ionad.

**Dífhostaíocht shéasúrach**
Dífhostaíocht de bharr athruithe séasúrach ar éileamh / luaineachtaí i ngníomhaíochtaí áirithe ag am éigin sa bhliain. I rith mhíonna an tsamhraidh bíonn tionscal na turasóireachta i bhfad níos gnóthaí ná mar a bhíonn sa gheimhreadh agus fostaítear níos mó oibrithe sa samhradh. D'fhéadfadh na hoibrithe sin a bpoist a chailleadh i rith mhíonna an gheimhridh.

**Dífhostaíocht institiúideach**
Tarlaíonn sé seo mar gheall ar bhacainní le soghluaisteacht saothair nó baint na dreasachta chun oibre. D'fhéadfadh sé tarlú nuair a bhíonn easpa tithíochta i gceantair ina bhfuil poist ar fáil; nuair a bhíonn an bhearna idir Sochar Cuardaitheora Poist agus pá glan i bpoist atá ar fáil chomh beag nach bhfuil aon dreasacht do na hoibrithe le fostaíocht a ghlacadh. Cleachtais siopa dúnta a bheith in ionaid oibre.

**3 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar pholasaí cuí rialtais **amháin i ngach cás** chun dul i ngleic le **dhá** chineál dífhostaíochta díobh sin thuas.

**Dífhostaíocht thimthriallach**
Ba cheart go n-úsáidfeadh lucht polasaí beartas airgeadais agus fioscach le dul i ngleic leis an gcineál seo dífhostaíochta i.e. bearta a ghlacadh chun éileamh comhiomlán a spreagadh.

**Dífhostaíocht struchtúrtha**
Éilítear sa chineál seo dífhostaíochta go gcuirfí athoiliúint ar fhostaithe i réimsí fostaíochta atá ag teastáil e.g. clár 'Springboard' / Díriú ar shaintréith an duine dhífhostaithe mar iarracht iad a dhéanamh níos infhostaithe.

**Dífhostaíocht fhrithchuimilteach**
Scéimeanna athoiliúna a chur ar fáil d'oibrithe / Is é an aidhm scileanna oibrithe a mheaitseáil le fostóirí e.g. SOLAS/ an tIdirlíon / Tréimhsí cuardaigh idir phoist a laghdú – trína chinntiú go mbíonn oibrithe ar an eolas faoi fholúntais poist.

**Dífhostaíocht shéasúrach**
D'fhéadfadh gnólachtaí iarracht a dhéanamh a séasúr a shíneadh e.g. d'fhéadfadh óstáin iarracht a dhéanamh custaiméirí a mhealladh e.g. pacáistí a thairiscint chun custaiméirí a mhealladh tráthanna éagsúla den bhliain.

**Dífhostaíocht institiúideach**
Soghluaisteacht gheografach saothair a fheabhsú agus iarracht a dhéanamh é a bheith níos éasca do theaghlaigh bogadh chuig teach nua. Dreasachtaí a thairiscint le fostaíocht a ghlacadh e.g. laghdú ar an ráta cáin ioncaim / MSU d'oibrithe a fhágann scéimeanna leasa shóisialaigh. Iarracht a dhéanamh cleachtais oibre a léirscaoileadh ionas nach mbíonn aon bhac le fostaíocht.

**2 bheart ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

**(c)** *De réir an tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh (QNHS), bhí ráta dífhostaíochta 11.1% ann sa tríú ráithe de 2014.*

(i) Ainmnigh foinse amháin eile de staitisticí dífhostaíochta a úsáidtear go coitianta in Éirinn.
(ii) Luaigh agus mínigh na cúiseanna atá leis na difríochtaí atá idir an dá fhoinse.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta d'airgeadas reatha an Rialtais a d'fhéadfadh a bheith ag méadú ar leibhéal na **fostaíochta** de thoradh ar bhiseach ar gheilleagar na hÉireann. (25)

(i) Ainmnigh foinse **amháin** eile de staitisticí dífhostaíochta a úsáidtear go coitianta in Éirinn.

An Beochlár

**5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh na cúiseanna atá leis na difríochtaí atá idir an dá fhoinse.

Déantar mór den leibhéal "fíor" dífhostaíochta sa Bheochlár mar go n-áirítear ann:

**1.** Daoine atá ag obair go dlisteanach go páirtaimseartha agus a tharraingíonn leas go páirtaimseartha freisin, dá bhrí sin níl siad dífhostaithe:
- Na daoine sin ar fad a fhaigheann Sochar Cuardaitheora Poist (JB)
- Na daoine sin ar fad a fhaigheann Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (JA)
- Oibrithe Páirtaimseartha (na daoine a oibríonn suas le trí lá in aghaidh na seachtaine), oibrithe séasúracha agus ócáideacha atá i dteideal Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Sochair Cuardaitheora.

**2.** Daoine a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt leas sóisialach ach a d'fhéadfadh a bheith ag obair (sa gheilleagar dubh) ag an am céanna freisin.

**3.** Daoine nach bhfuil ag lorg fostaíochta go gníomhach b'fhéidir.

**4.** Daoine a tharraingíonn leas i gcomhair 'creidmheasanna ÁSPC' agus nach bhfuil dífhostaithe.

**2 chúis ar 5 mharc an ceann**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta d'airgeadas reatha an Rialtais a d'fhéadfadh a bheith ag méadú ar leibhéal na **fostaíochta** de thoradh ar bhiseach ar gheilleagar na hÉireann.

**Méadaíonn an t-ioncam (reatha)**
Níos mó ÍMAT, toisc go bhfuil níos mó daoine ag obair.
Beidh ioncam indiúscartha níos airde acu siúd atá fostaithe agus is dóchúil go gcaithfidh siad an t-airgead sin, agus go n-íocfaidh siad níos mó cáin indíreach leis an rialtas dá bhrí sin.
Má ardaíonn brabúis gnólachtaí mar thoradh ar mhéadú ar dhíolacháin, d'fhéadfadh méadú teacht ar fháltais ó cháin Chorparáide freisin.


**Laghdaíonn an caiteachas (reatha)**
Má tá níos mó daoine ag obair, beidh laghdú ar na híocaíochtaí leasa shóisialaigh nach mór don rialtas a dhéanamh.

**2 iarmhairt ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

## C7 Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim agus Fás Geilleagrach

**(a)** (i) Mínigh, le cabhair léaráide, **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar leibhéal Ioncam Náisiúnta na hÉireann: (35)

(i) Mínigh, le cabhair léaráide, **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte.




**13 mharc**

**Teaghlaigh**
Is iad teaghlaigh úinéirí na dtosca táirgeachta / a sholáthraíonn siad do ghnólachtaí / a dhíolann siad le gnólachtaí. Mar chúiteamh, íoctar pá, cíos, ús agus brabúis le teaghlaigh. Ceannaíonn teaghlaidh aschur earraí agus seirbhísí na ngnólachtaí agus tomhlaíonn siad earraí agus seirbhísí. Íoctar cuid dá n-ioncam leis an rialtas mar cháin. Coiglítear cuid dá n-ioncam in institiúidí airgeadais. Caithrear cuid dá n-ioncam ar iompórtálacha.

**Gnólachtaí**
Táirgeann gnólachtaí earraí agus seirbhísí leis na tosca táirgeachta a sholáthraíonn theaghlaigh. Díolann gnólachtaí earraí agus seirbhísí agus faigheann siad caiteachas na dteaghlach. Caitheann an rialtas airgead, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar aschur an ghnólachta. Baineann institiúidí airgeadais leas as airgead a choiglítear chun infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí. Caitheann eachtrannaigh airgead ar aschuir gnólachtaí Éireannacha.

**10 marc ( 5 + 5 )**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar leibhéal Ioncam Náisiúnta na hÉireann:
- Méadú ar easpórtálacha na hÉireann
- Méadú ar leibhéal an choigiltis. .

| Méadú ar easpórtálacha na hÉireann | Méadú ar leibhéal an choigiltis |
|---|---|
| **Insteallаdh** isteach i Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim é seo. Beidh sé sin ina chúis le méadú ar an éileamh comhiomlán. Tiocfaidh méadú ar an éileamh comhiomlán de réir an insteallta arna iolrú faoin iolraitheoir. | **Tarraingt siar** é seo ó Shreabhadh Ciorclach an Ioncaim. Beidh sé sin ina chúis le laghdú ar éileamh comhiomlán. Tiocfaidh laghdú ar an éileamh comhiomlán de réir na tarraingthe siar arna hiolrú faoin iolraitheoir. |
| **6 mharc (3 + 3)** | **6 mharc (3 + 3)** |

**(b)** Déan plé ar **cheithre** thoisc ar chóir iad a chur san áireamh nuair a bhíonn staitisticí an ioncaim náisiúnta ó thíortha difriúla á gcur i gcomparáid lena chéile. (20)

**An daonra / Ba chóir é a dhéanamh in aghaidh an duine**
Is gá an daonra i dtíortha difriúla, agus athruithe ar ioncam náisiúnta, a chur san áireamh nuair a bhíonn feidhmíocht gheilleagrach tíre á meas. Má mhéadaíonn ioncam náisiúnta ar ráta níos moille ná an daonra, laghdóidh an t-ioncam in aghaidh an duine agus beidh titim sa mheánchaighdeán maireachtála. Is fearr ioncam in aghaidh an duine ná ioncam náisiúnta mar léiriú ar chaighdeáin mhaireachtála.

**Na praghasleibhéil / leibhéil bhoilscithe**
Beidh méadú ar ioncam náisiúnta ann mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna, ach d'fhéadfadh go mbeadh titim ar an gcaighdeán maireachtála dá bharr sin. Mar sin, is gá ioncam náisiúnta a chur i gcomparáid le hathruithe ar phraghsanna ionas gur féidir breithniú a dhéanamh ar an tionchar ar chaighdeán maireachtála / ar fheidhmíocht gheilleagrach. Léiriú níos fearr ar fhás gheilleagrach is ea OTI ar phraghsanna seasmhacha ná OTI ar phraghsanna margaidh.

**Airgeadra comhchoiteann / Ní mór Ioncam Náisiúnta gach tíre a léiriú in airgeadra comhchoiteann**
Is gnách go ndéantar an tiontú de réir rátaí malairte eachtraí atá bunaithe ar phraghsanna na n-earraí agus na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta /Is gnách go mbíonn sé seo i ndollar na Stát Aontaithe. Tá earraí agus seirbhísí nach ndéantar a thrádáil go hidirnáisiúnta ina gcuid níos mó de tháirge náisiúnta na dtíortha tearcfhorbartha (LDC-anna), e.g. seirbhísí agus táirgí talmhaíochta. Bheadh na staitisticí seo maidir le hioncam náisiúnta ganniontráilte mar sin.

**Dáileadh an ioncaim náisiúnta agus na bochtaineachta i ngach tír**
Agus staitisticí Ioncaim Náisiúnta á gcur ar fáil, tugtar figiúirí ginearálta maidir le feidhmíocht fhoriomlán gheilleagrach. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun a fháil amach cén dóigh a ndáiltear an t-ioncam. E.g. d'fhéadfadh an leibhéal céanna OTN a bheith ag dhá thír ar leith. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go ndáilfí an t-ioncam sin ar bhealach an-éagsúil sa dá thír, rud a mbeadh iarmhairtí aige ar leas na saoránach.

**Méid an gheilleagair dhuibh**
Ní chuirtear an geilleagar dubh san áireamh agus ioncam náisiúnta á ríomh. Bíonn sé doiligh luach na n-idirbheart neamhthuairiscithe a ríomh, rud a dhéanann an leibhéal ioncaim náisiúnta a mheas faoina luach.

**Cineál an chaiteachais rialtais / tugtar neamhaird ar leas geilleagrach sna staitisticí**
Má chaitheann tír méid beag ar threalamh míleata agus méid mór ar shláinte, oideachas, etc., beidh caighdeán maireachtála níos fearr aici ná tír ina ndéantar a mhalairt i.e. caitear cuid mhaith dá saibhreas ar armálacha. Is mór an difríocht idir an dá thír ó thaobh leas coibhneasta geilleagrach de, ach ní léirítear an difríocht sin i sonraí an Ioncaim Náisiúnta.

**Seirbhísí rialtais ar chostphraghas / Earraí agus seirbhísí neamh-indíolta**
Is de réir an chostphraghais a áirítear seirbhísí rialtais ach is de réir praghas díola a áirítear seirbhísí príobháideacha. Beidh OTI / ioncam náisiúnta níos ísle i dtír ina soláthraíonn an rialtas cuid mhór seirbhísí.

**Saincheisteanna i dtíortha áirithe a chuireann isteach ar an gcaighdeán maireachtála i dtíortha éagsúla:**
Aeráid / truailliú/coinníollacha oibre etc.

**4 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

**(c)** *D'ardaigh Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) a réamhaisnéis i dtaca le fás geilleagrach in 2015 ó 3.4% go 3.7%. Thagair siad do bhorradh faoi chaiteachas tomhaltóirí agus infheisteoirí.*
(Ráiteas Ráithiúil an Bhainc Cheannais: R1 2015)

(i) Sainmhínigh an téarma *fás geilleagrach*.
(ii) Déan plé ar na costais agus ar na sochair a d'fhéadfaí a bheith ag gabháil le fás geilleagrach.
(20)

(i) Sainmhínigh an téarma *fás geilleagrach*.

**Fás Geilleagrach**
Is féidir é a shainmhíniú mar mhéadú ar an bhfior Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)/ nó ar an bhfíor Olltáirgeacht Intíre (OTI) / forbairt ar chumas táirgthe an gheilleagair le himeacht an ama.

**4 mharc**

(ii) Déan plé ar na costais **agus** ar na sochair a d'fhéadfaí a bheith ag gabháil le fás geilleagrach.

| Sochair a d'fhéadfaí a bheith leis | Costais a d'fhéadfaí a bheith leis |
|---|---|
| **Méadú ar an bhfostaíocht** Beidh níos mó éilimh ann de bharr fás geilleagrach; éileofar níos mó líon saothair leis seo a bhaint amach. | **Brúnna boilscitheacha** Mar thoradh ar an méadú ar leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche, beidh méadú ar an mboilsciú de bharr tharraingt an éilimh. |
| **Feabhas ar airgeadas rialtais** Mar gheall ar mhéadú ar an gcaiteachas, tagann méadú ar an ioncam ó cháin indíreach; beidh méadú ar an ioncam ó cháin dhíreach de bharr níos mó daoine i mbun oibre; ba cheart go dtitfeadh an caiteachas ar leas sóisialach. | **Ídiú acmhainní atá gann / fás inbhuanaithe** Bíonn méadú ar an éileamh ar acmhainní atá gann, e.g. ola agus gás, de bharr fás geilleagrach. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an fás geilleagrach inbhuanaithe dá thoradh sin. |
| **Iarmhairtí do Chomhardú na nÍocaíochtaí** Má bhíonn an méadú ar ráta fáis an gheilleagair bunaithe ar easpórtáil, tagann feabhas ar chomhardú na n-íocaíochtaí. | **Ganntanais lucht saothair** Mar a tharla san am atá caite, d'fhéadfadh sé go mbeadh ganntanas lucht saothair sna hearnálacha ina bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar lucht saothair. D'fhéadfadh dífhostaíocht struchtúrtha tarlú freisin mar gheall ar athruithe ar an gcineál éilimh. |
| **Caighdeán maireachtála níos fearr** Beidh na hioncaim níos airde sa gheilleagar de bharr fás geilleagrach agus tabharfaidh sé seo deis dúinn níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach / seirbhísí stáit níos fearr. | **Ionchais athbhreithnithe ag saoránaigh** Mar gheall ar fhás geilleagrach, d'fhéadfadh saoránaigh a n-ionchais a athbhreithniú maidir leis an rialtas agus a bheith ag súil le níos mó seirbhísí ón stát, e.g. cánacha athbhreithnithe, fás faoi ioncam, éilimh phá, etc. |
| **Iarmhairtí don imirce** Má bhíonn deiseanna poist ann, d'fhéadfadh daoine a bheartaigh dul ar imirce fanacht anseo agus d'fhéadfaí níos mó inimirceach a tharraingt chun an gheilleagair. | **Dáileadh éagothrom saibhris** Mura ndáiltear an méadú ar an saibhreas go cothrom, d'fhéadfadh sé go n-éireodh an éagothroime sa tsochaí ní b'fhairsinge má bhíonn na sochair ón bhfás teoranta do roinnt grúpaí. |
| **Deiseanna infheistíochta / Teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol** Tugann fás geilleagrach le fios go bhfuil geilleagar ag fás agus d'fhéadfadh sé seo infheistíocht bhreise a mhealladh/ brabúis ag ardú. D'fhéadfaí teicneolaíochtaí nua agus cinn atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt. | **Iarmhairtí comhshaoil** D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ag an bhfás ar an tsochaí, e.g. costais chomhshaoil / truailliú agus díghrádú an chomhshaoil. |
| **Laghdú ar bhochtaineacht** D'fhéadfadh an rialtas, trí bheartas fioscach (méaduithe ar chaiteachas agus athruithe cánachais), bochtaineacht a mhaolú sa tír. | **Fadhbanna déimeagrafacha** D'fhéadfadh fás geilleagrach a bheith ina bhunús le huirbiú méadaithe agus leis an laghdú leanúnach i gceantair thuaithe. D'fhéadfadh an bhearna idir an saol uirbeach agus an saol tuaithe leathnú. |
| | **Cáilíocht na beatha / brú ar an mbonneagar** D'fhéadfadh uaireanta oibre níos faide, dálaí oibre atá i mbun athrú agus plódú tráchta a bheith ina mbunús le meath ar cháilíocht na beatha againn. D'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar sheirbhísí an stáit. |
| **4 phointe @ 4 mharc ( 2 + 2 ) Níor mhór costas/tairbhe amháin ar a laghad a bheith ann** | |

## C8 Easnaimh sa Bhuiséid / Forbairt Réigiúnach / Eisimirce

**(a)** *"Spreagann easnamh sa Bhuiséad an geilleagar agus mar sin ba chóir é a spreagadh."*
Déan an ráiteas seo a phlé i dtaca le geilleagar na hÉireann de. Is ceadmhach duit aontú nó easaontú leis. (20)

**Geilleagar na hÉireann:**

- Tá Éire tar éis a bheith i g**cúlú eacnamaíochta** agus is é an toradh atá air sin ná laghduithe ar ioncam cánach (níos mó dífhostaíochta agus níos lú brabús gnó) méaduithe ar chaiteachas reatha an rialtais (sochair leasa shóisialta). Is é an toradh atá air ná easnamh mór sa bhuiséad.

- Tagann laghdú ar ioncam de bharr bearta **déine** a laghdaíonn caitheamh. Dá bhrí sin, is lú seans fós go mbeidh tír ábalta a cuid fiach a aisíoc.

**Má fhreagraíonn an t-iarrthóir gur chóir easnamh sa bhuiséad a spreagadh:**
**D'fhéadfadh a leithéid seo a bheith ar na freagraí inghlactha:**

- Méadóidh caiteachas méadaithe an rialtais an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí, i.e. **éileamh comhiomlán** a spreagadh.
- Ba cheart go n-eascródh **cruthú post** agus méadú breise ar an gcaitheamh as an méadú sin ar an éileamh.
- D'fhéadfadh an méadú ar chaiteachas tomhaltóra a bheith ina ábhar le **muinín gnó** méadaithe agus d'fhéadfadh sé gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh a thuilleadh.
- Freagróidh gnólachtaí don mhéadú ar an éileamh agus níos mó a tháirgeadh. D'fhéadfadh méadú ar fhostaíocht agus ar chaiteachas tomhaltóra teacht as sin, rud is ábhar leis an éileamh comhiomlán méadaithe agus leanann timthriall an chaiteachais ar aghaidh (éifeacht an iolraitheora).
- Mar thoradh ar mhéadú ar **ioncaim an rialtais** (de thairbhe ioncaim chánach mhéadaithe agus laghdú ar chaiteachas leasa shóisialaigh), d'fhéadfadh an t-easnamh sa bhuiséad a bheith féinmhaoinitheach.
- Níor chóir go mbeadh úsáid beartas fioscach fáis as an áireamh mar bheart chun an geilleagar a spreagadh le linn spealadh mar gheall ar imní faoi iarmhairtí fadtréimhseacha na n-easnamh. Ba chóir go méadódh caiteachas rialtais níos airde an t-éileamh comhiomlán agus a bheith ina bhunús le **fás geilleagrach níos airde**. Ba chóir go méadódh cánacha níos ísle ioncam indiúscartha na dtomhaltóirí, rud a chruthódh fás geilleagrach níos airde.

**Má fhreagraíonn an t-iarrthóir nár chóir easnamh sa bhuiséad a spreagadh:**
**D'fhéadfadh a leithéid seo a bheith ar na freagraí inghlactha:**

- D'fhéadfadh sé a bheith ina bhunús le h**iasachtaí méadaithe** agus le hualach na n-íocaíochtaí úis agus an Fhiachais Rialtais ag fás a fhad is atá easnamh sa bhuiséad agus ár bhFiachas Náisiúnta ag laghdú.
- D'fhéadfadh ardleibhéil fiachais a bheith ina mbunús le h**éagothroime idirghlúine** siocair go mbeidh ar cháiníocóirí amach anseo íoc as róchaitheamh na nglún roimhe sin.
- D'fhéadfadh easnamh sa bhuiséad a bheith ina bhunús le **méaduithe** breise **ar chánachas** d'fhonn na hiasachtaí méadaithe a mhaoiniú.
- D'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar le **caillteanas muiníne** as an ngeilleagar i gcás gnólachtaí agus daoine araon. D'fhéadfadh gnólachtaí a gcuid infheistíochta a laghdú agus d'fhéadfadh roinnt daoine gearradh siar ar an gcaitheamh agus airgead a choigilt. D'fhéadfadh daoine eile dul ar imirce.
- Táimid faoi cheangal rialacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus ba chóir dúinn cloí leo, d'fhonn ár n-easnamh sa bhuiséad agus ár bhFiachas Náisiúnta a laghdú.
- D'fhéadfadh sé go gcaithfí airgead ar iompórtálacha toisc go bhfuil Éire ina geilleagar beag oscailte agus laghdaíonn sé sin an t-ioncam náisiúnta.
- Ba chóir don rialtas buiséad a reáchtáil a ndéantar comhardú air le himeacht aimsire. **D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag baint le heasnaimh arda dhianseasmhacha sa bhuiséad.** Is gnách le buiséid rialtais athrú i gcaitheamh an timthrialla eacnamaíoch.

**As tagairt do gheilleagar na hÉireann 6 mharc ( 3 + 3 )**
**2 phointe ar 7 marc (4 +3) + 7 marc ( 4 + 3 )**

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** pholasaí a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a chur sa mheá d'fhonn forbairt réigiúnach chothrom a chur i gcrích.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint as forbairt réigiúnach chothrom ag pobail tuaithe. (25)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** pholasaí a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a chur sa mheá d'fhonn forbairt réigiúnach chothrom a chur i gcrích.

**Deontais/Dreasachtaí cánach**
Má thugtar deontais agus dreasachtaí cánach breise do thionscail sna réigiúin, cuirfidh níos mó gnólachtaí fúthu ann agus cuirfear forbairt chun cinn dá dheasca.

**Infheistíocht sa bhonneagar**
Má dhéantar infheistíocht sa bhonneagar, beidh na réigiúin seo níos tarraingtí chun gnó a lonnú iontu, chun cónaí iontu agus chun oibriú iontu de bharr na bhfeabhsúchán. Feabhsúcháin ar an mbonneagar iompair agus fuinnimh. Toisc nach bhfuil soláthar cumhachta fónta san oirthuaisceart, ní féidir roinnt cineálacha tionscail a lonnú ansin. Dá gcuirfí é sin ina cheart, d'fhéadfadh tionscail cur fúthu ansin.

**Leathanbhanda ardluais**
D'fhéadfaí gnólachtaí a mhealladh chun na réigiún dá gcuirfí leathanbhanda ardluais ar fáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach ó thaobh costais de. Beidh teacht ar néalríomhaireacht de dhíth ar mhórán tionscadal infheistíocht dhíreach eachtrach agus teastaíonn leathanbhanda ardluais faoina choinne sin.

**Teacht níos fearr ar áiseanna oiliúna agus oideachais**
Is den riachtanas é go mbeadh soláthar áiseanna fónta oideachais tríú leibhéal ann d'fhonn gnólachtaí ard-bhreisluacha a mhealladh chuig réigiúin. Spreagann an fháil ar chúrsaí oideachais agus oiliúna in institiúidí teicneolaíochta agus i gcoláistí eile i gceantair réigiúnacha an fhiontraíocht sna háiteanna sin, rud a éascaíonn an fhorbairt a thuilleadh.

**Caipiteal fiontair a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta**
Má chuireann Fiontraíocht Éireann/gníomhaireachtaí rialtais caipiteal tionscnaimh ar fáil, laghdaítear na costais a bhaineann le bunú sna réigiúin agus bíonn na réigiúin níos tarraingtí i ngeall air sin.

## 3 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint as forbairt réigiúnach chothrom ag pobail tuaithe.

**Cruthú fostaíochta**
Beidh forbairt réigiúnach ina cúnamh chun fostaíocht a choinneáil agus a chruthú i gceantair thuaithe.

**Seirbhísí áitiúla a choinneáil**
Coinneofar na seirbhísí ríthábhachtacha, e.g. oideachas, baincéireacht, oifigí an phoist, ospidéil, etc.

**Eisimirce / uirbiú a laghdú**
Má dhéantar poist a choinneáil, d'fhéadfadh sé go rachadh níos lú daoine ar imirce agus go dtiocfadh laghdú ar uirbiú na hÉireann.

**Pobail níos beoga a chur chinn / tacú le pobail níos beoga**
Beidh na ceantair ina n-áiteanna níos tarraingtí le cónaí iontu agus fanfaidh níos mó daoine iontu dá bharr.

**Deighilt tuaithe/uirbeach níos lú**
De réir mar a thagann méadú ar an daonra agus de réir mar a éiríonn pobail níos inmharthana, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an deighilt atá idir pobail tuaithe agus pobail uirbeacha.

## 2 phointe ar 5 mharc an ceann ( 2 + 3 )

**(c)** (i) Déan plé ar iarmhairtí eacnamaíochta na heisimirce do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Cuir comhairle ar an Rialtas maidir le **dhá** pholasaí a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i mBuiséad 2016 chun eisimircigh a spreagadh le filleadh ar Éirinn. (30)

(i) Déan plé ar iarmhairtí eacnamaíochta na heisimirce do gheilleagar na hÉireann.

| Iarmhairtí diúltacha | Iarmhairtí dearfacha |
|---|---|
| **Rátaí cóimheasa cleithiúnais níos airde**<br>Is dóigh go bhfuil an pobal infhostaithe ag fágáil agus tá cóimheas cleithiúnais níos airde ann mar gheall air sin. Anuas air sin, ní mór don rialtas an daonra cleithiúnach méadaithe sin a mhaoiniú/ muirear cánach méadaithe ar an daonra fostaithe | **Dífhostaíocht laghdaithe**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh na daoine sin a chuaigh ar imirce dífhostaithe dá bhfanfaidís in Éirinn. Laghdaíonn sé sin an strus ar airgeadas an rialtais íocaíochtaí méadaithe leasa shóisialaigh a mhaoiniú. |
| **Deischostais**<br>Cailleann an stát a infheistíocht in oideachas/in oiliúint na saoránach sin. D'fhéadfadh sé go bhfuiltear ag cur oideachais ar oibrithe in Éirinn le dul ag obair i dtíortha eachtracha. | **Eisimircigh a fhilleann go hÉirinn**<br>D'fhéadfadh sé go gcuideodh eisimircigh nuair a fhilleann siad le cuideachtaí a bhfuil baint acu le turasóireacht, aerlínte, tithe tábhairne, etc. |
| **Caillteanas scileanna sa gheilleagar / Imirce daoine oilte**<br>Caillimid na hoibrithe/na céimithe a bhfuil scileanna nua foghlamtha acu, ar scileanna iad a theastaíonn le cuidiú le fás an gheilleagair. D'fhéadfadh sé go bhfágfaí an tír gan scileanna fíor-riachtanacha de dheasca 'imirce daoine oilte'/ caillteanas caipiteal daonna. | **Teagmhálaithe / Deiseanna easpórtála**<br>D'fhéadfadh sé gur teagmhálaithe toilteanacha iad na daoine a théann ar imirce le haghaidh easpórtálaithe Éireannacha agus d'fhéadfadh sé go mbeadh fonn mór orthu teacht ar mhargaí thar lear.<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh eisimircigh Éireannacha gnólacht ar bun agus go soláthróidís poist d'eisimircigh nua; go gcuirfidís feabhas ar a gcuid scileanna chomh maith le deis a chur ar fáil d'easpórtálaithe Éireannacha e.g. geansaithe CLG O'Neill's. |
| **Tearcúsáid seirbhísí**<br>De réir mar a thagann laghdú ar an daonra, d'fhéadfadh sé go mbainfí tearcúsáid as roinnt seirbhísí stáit agus b'fhéidir go scoirfí roinnt seirbhísí dá bharr, e.g. busbhealaí; ospidéil áitiúla. | **Éileamh ar sheirbhísí stáit**<br>D'fhéadfadh meath teacht ar an éileamh ar sheirbhísí stáit, e.g. scoileanna, cúram sláinte, iompar, etc. de réir mar a thagann laghdú ar an daonra. |
| **Brú suas ar rátaí pá in Éirinn**<br>Bíonn na daoine ardoilte níos soghluaiste agus, dá bhrí sin, fágann siad. D'fhéadfadh sé gur ghá do ghnólachtaí **rátaí** pá a ardú chun iad a choinneáil. | **Seoltáin eisimirceacha go hÉirinn / Scileanna nua**<br>Seolann eisimircigh airgead ar ais go hÉirinn. Measann an Phríomh-Oifig Staidrimh gurb ionann seoltáin eisimirceacha don bhliain 2013 agus €776m.<br>D'fhéadfaidís filleadh abhaile san fhadtréimhse agus scileanna nua foghlamtha acu/<br>D'fhéadfadh na heisimircigh a fhilleann a bheith ina bhfoinse luachmhar de phearsanra oilte. |
| **Laghdú ar éileamh intíre**<br>De réir mar a chrapann an margadh intíre d'fhéadfadh sé nach mbeadh an oiread sin deiseanna ag gnóthaí/fiontraithe chun infheistíocht a dhéanamh. | |
| **Meath na bpobal tuaithe**<br>D'fhéadfaí sé go gcuirfí isteach ar mheanma daoine agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh meath ní ba thapa ar na ceantair sin ina bhfuil cuid mhór eisimirce. Mar thoradh air sin, chruthófaí fadhbanna maidir lena n-inmharthanacht fhadtéarmach. | |
| **4 phointe ar bith ar 5 mharc an ceann (2 + 3)** | |

(ii) Cuir comhairle ar an Rialtas maidir le **dhá** pholasaí a d’fhéadfaí a thabhairt isteach i mBuiséad 2016 chun eisimircigh a spreagadh le filleadh ar Éirinn.

**Cánachas níos ísle**
Tabharfar luach saothair as ucht obair a dhéanamh ach cáin ioncaim a laghdú. Beidh pá glan níos airde ina dhreasacht chun eisimircigh a spreagadh le filleadh ar Éirinn. D’fhéadfadh an rialtas cánacha eile a tugadh isteach le linn na tréimhse déine a laghdú freisin, e.g. cáin mhaoine, muirir uisce, etc., ionas go mbeadh dreasacht ann chun filleadh ar an tír.

**Deontais/fóirdheontais a chur ar fáil do ghnólachtaí**
D’fhéadfaí na deontais sin a chur ar fáil do na gnólachtaí sin a thugann poist d’eisimircigh. Dá laghdódh an rialtas rátaí ÁSPC/MSU na bhfostóirí in aghaidh gach eisimircigh nua a d’fhostófaí, d’fhéadfadh sé tarlú go bhfillfeadh eisimircigh abhaile.

**Oideachas agus oiliúint**
Cúrsaí oiliúna agus oideachais a chur ar fáil in earnálacha fáis an gheilleagair agus na háiteanna sin ar na cúrsaí oiliúna a thabhairt d’eisimircigh. B’fhéidir go spreagfadh sé sin eisimircigh chun filleadh ar Éirinn.

**Tacaíocht a thabhairt do bhiseach an gheilleagair**
D’fhéadfadh an rialtas leanúint ar aghaidh ag cur polasaithe eacnamaíochta i bhfeidhm a chuidíonn le muinín a chur sa tír arís agus chruthófaí níos mó deiseanna fostaíochta dá thairbhe. D’fhéadfadh na deiseanna sin eisimircigh a mhealladh.

**Níos mó acmhainní a chur i dtreo caiteachas caipitiúil**
De bharr caiteachas caipitiúil breise, is dóchúil go gcruthófaí níos mó deiseanna fostaíochta d’oibrithe tógála arbh éigean dóibh dul ar imirce roimhe.

**Seirbhísí rialtais a fheabhsú**
An geilleagar a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine ionas go bhfillfidh siad air. Cobhsaíocht a chinntiú san earnáil airgeadais; a chinntiú go bhfeidhmíonn margadh na tithíochta i gceart; an bonneagar a fhorbairt, e.g. leathanbhanda. Seirbhísí stáit mar sheirbhísí sláinte agus earnáil an oideachais a fhorbairt.

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

A CHRÍOCH SIN

Leathanach Bán